<i>little (of liquid)</i>	gáire (gaari)m. <i>a laugh</i>
cara (koră) m. and f. <i>friend;</i>	gach aon duine (goch ēngi)
g. carad	<i>everyone, each one</i>
caora (keeră) f. <i>sheep; g.</i>	imithe (i-mihi) <i>gone away</i>
caorach (karach)	iníor (eeng-eèr) vn. <i>grazing</i>
cathaoir (ko-heèr) f. <i>chair;</i>	leanbh (lanăv) m. <i>child</i>
g. cathaoireach	plaincéad (playng-kēd) m.
ceárta (kyaar-tă) f. <i>forge;</i>	<i>blanket</i>
g. ceártan	teanga (tangă) f. <i>tongue,</i>
cóir (kōr) <i>right, proper</i>	<i>language; g. teangan</i>
comharsa (kôrsă) f. <i>neigh-</i>	tuilleadh (tīli) <i>more; a thuille-</i>
<i>bour; g. comharsan</i>	adh <i>any more</i>

Exercise 35

A. 1. Tháinig sé chúinn. 2. Chuamair chuige. 3. Cuirfead cóta mór ar an bhféar fút. 4. Ar imigh sí uaibh? 5. Bainfid díobh na bróga fliucha nuair a thiocfaid isteach. 6. Fan amach uathu anois! 7. Tá tuirse uirthi tar éis na hoibre. Cad tá inti ach leanbh! 8. Do chonac romham amach ar an mbóthar é. 9. Bhain sé gáire asam. 10. Bainfimíd áis as an

adhmaid san i gcóir tine. 11. Do chuaigh sé tharainn ach ní fhaca sé sinn. 12. Cuirfimid braon bainne sa chupán agus cuirfimid uisce tríd. 13. Ní bheidh deoch ann i gcóir gach aon duine. 14. Tá na fir ag sábhail fhéir ó mhaidin agus tá tart agus ocras anois orthu. 15. Tabhair an bhláthach san le n-ól dóibh agus bainfidh sé an tart díobh.

B. Fifth Declension.

1. Sin é talamh na comharsan. 2. Do chuaigh an gabha isteach sa cheártain. 3. Tá cos bhriste sa chathaoir sin; caithfead ceann nua a chur inti. 4. An bhfuil na cathaoirreacha go léir anso? Táid. 5. Ní fhaca mo dheartháracha fós inniu. 6. An bhfacaís i n-aon áit iad? 7. Abair leo gur chuas ag comhaireamh na gcaorach. 8. Déarfad. 9. Is mór an cúnamh comhairle charad. 10. Tá na cairde imithe agus tá tithe na gcomharsan uaigneach. 11. Chím na cnoic mhóra ach ní fheicim aon tithe orthu. 12. Do chinn t'athair go minic nuair a thagadh sé anso. 13. Chífir arís i mbliana é, mar tiocfaidh sé i ndeireadh an mhí. 14. An bhfeicfead do mháthair leis, nó an bhfanfaidh sise sa bhaile? 15. Déarfad léi teacht más féidir léi i n-aon chor é.

Exercise 36

A. 1. I shall go to them. 2. They took off their coats. 3. I shall make you laugh (say "get a laugh out of you"). 4. She went away from them. 5. Have they any work to do? 6. We have had (say "eaten") supper already. 7. She put a blanket under us. 8. What is wrong with you ("on you" pl.)? 9. I was there before her.

B. 1. My friends will go home tomorrow. 2. The blacksmith is in the forge. 3. The sheep are grazing in the field beside the house. 4. We used to go to a neighbour's house every evening. 5. The neighbours will come to our house tomorrow. 6. I shall see Michael in the morning, and he will tell them (it). 7. Have we chairs for everyone? 8. The back of that chair

is broken. 9. I do not see the other chairs. 10. Have you seen them anywhere? 11. No. 12. Has your friend's wife come yet? 13. Yes. She is standing outside near the door. 14. Shall I tell her to come in? 15. Do. 16. I used to see her often before she married, when we were learning the language.

LESSON XVI

Conditional Sentences. Subordinate Clauses. Conjunctions.

(For the paradigms, see pages 57 and 58)

There are two words for “if” in Irish, *má* (asp.) and *dá* (ecl.). In present and future conditional clauses *má* is used and takes the present indicative of the verb, with present or future (or an imperative) in the main clause: *má thagann sé, beidh fáilte roimhe* “if he comes, he will be welcome”; *má tá sé agat, tabhair dom é* “if you have it, give it to me”; *má cheapann tú é sin, níl an ceart agat* “if you think that, you are wrong”. In these clauses the habitual form of *tá* is used when the main verb is in the future: *má bhíonn sé go breá amáireach, raghaimíd ag iascaireacht* “we shall go fishing tomorrow, if it is fine”.

In simple past conditions *má* is used with the past indicative, and a past indicative in the main clause: *má bhí sé ann ní fhaca-sa é* “if he was there, I did not see him”; *má dúirt sé é sin, do bhí an ceart aige*¹ “if he said that, he was right”.

In remote conditions *dá* is used and takes the conditional (or past subjunctive): *dá bhfeicfinn (bhfeicinn)*² *é, do labharfainn leis* “if I saw him, I would speak to him”; *dá raghadh (dtéadh) sé ann, do chífedh sé iad* “if he were to go there, he would see them”; *dá mbeidís ann, do gheobhaimís iad* “if they were there, we should find (get) them”. Or, with *féin* (p. 49), *dá mbeidís ann féin, ní bhfaighimís iad* “even if they were there, we would not find them”.

There is no pluperfect in Irish, and these sentences may also have the force of unfulfilled conditions: “if I had seen him, I should have spoken to him”; “if he had gone there, he would have seen them”. The context alone distinguishes the

1 cf. Fr. *il avait raison*, Germ. *er hatte recht*.

2 Here there is no difference of pronunciation, as the *f* is silent. The subjunctive mood is given in Lesson XXV.

two meanings. The negative for both *má* and *dá* is *mará* which takes the present or past subjunctive in the north, and usually the future or conditional in the south: *mará raghaidh sé ann, ní fheicfidh sé iad* “if he does not go there, he will not see them”; *mará raghadh sé ann, ní fheicfeadh sé iad* “if he did not go there, he would not see them”.

With the copula *má* makes present *más*, past *má ba* (asp.), and *dá* makes *dá mba* (asp.): *más fear é* “if it is a man”, *más fíor é* “if it is true”, *má b’fhíor é* “if it was true”, *dá mba mhaith leat é* “if you liked”. The negative forms are present *marar*, *maran*, past and conditional *marar* before consonants; and present *marab*, past and conditional *mararbh* before vowels: *ná téir ann maran maith leat é!* “don’t go there unless you like it”; *duart leis gan dul ann marar mhaith leis é* “I told him not to go there unless he liked it”; *marab é atá ann* “unless it be he that is there”; *mararbh é a bhí ann* “unless it was he that was there”.

In conditional sentences a more emphatic form of the “if -clause employs the copula with *rud* “thing” and a subordinate clause (*v. inf.*): *más rud é go (ná), dá mba rud é go (ná)*, e.g. *más rud é nár fhéad sé teacht* “if in fact he was not able to come”; *dá mba rud é ná féadfadh sé teacht* “if in fact he were not able to come”. Here *rud* may be omitted: *dá mba ná féadfadh sé teacht*. Finally, there is a construction with the verb *tá* and a subordinate clause: *mará mbeadh gur fhéad sé teacht* “if it were not for the fact that he was able to come.

SUBORDINATE CLAUSES

When a clause is introduced by the conjunction “that”, we call it a subordinate clause, e.g. “he said that he would come”. You have learned already (pp. 47, 78) that the conjunction in Irish is *go* (ecl.), and the negative (“that not”) is *ná*: *dúirt sé go dtiocfadh sé; dúirt sé ná tiocfadh sé*. And the forms of *is* in these dependent clauses were given in Lesson VIII.

B’fhéidir “perhaps”, and *cad ’na thaobh* “why” are followed by *go (ná)*: *cad ’na thaobh ná cuireann tú umat do*

chasóg? “Why do you not put on your coat?” *B’fhéidir go dtiocfadh sé* “perhaps he will come”.

Other common subordinate clauses in English are classified as temporal, final, concessive, causal and consecutive, and we shall see how these are expressed in Irish. The temporal conjunctions are *nuair* “when”, with rel. *a*,¹ *sara* (ecl.) “before” and *ó* “since”: *nuair a bhíonn an cat ar an margadh bíonn na lucht ag rince* “when the cat has gone to market the mice dance”; *d’imigh sé sara raibh sé d’uain agam labhairt leis* “he went away before I had time to speak to him”; *ní fhaca é ó phós sé* “I have not seen him since he married”.

A final clause is introduced by *chun* or *i dtreo* “towards”, which here serve as conjunctions and are followed by *go* (*ná*): *do chuaigh sé ann d’aon-ghnó chun go bhfeicfí é* “he went there on purpose to be seen”; *do chuireas an t-airgead i bhfolach i dtreo ná faigheadh aon duine é* “I hid the money so that no-one should find it”.

A concessive clause is introduced by *cé* “although” with *go* (*ná*): *cé go raibh sé ann, níor labhair sé* “he did not speak, although he was present”.

A causal clause is introduced by *ó* “since”, *mar* (*go*) “for”, or *toisc* (*go*) “because”: *bhí sé ceart aige labhairt, ó bhí sé ann* “he ought to have spoken, since he was present”; *níor inseas dó é, mar ná faca in-aon chor é* “I did not tell it to him, for I did not see him at all”; *d’fhanas amuigh toisc ná raibh slí dhom istigh* “I stayed outside because there was no room for me within”.

A consecutive clause may be introduced (1) by *chomh* (. . . *go*): *do bhí an sneachta chomh doimhin nár fhédamair siúl* “the snow was so deep that we could not walk”; *bhí an mála chomh héadrom gurbh fhéidir é iompar gun dua* “the sack was so light that one could carry it without difficulty”. (2) by *i dtreo go*: *do chaith sé a chuid airgid i dtreo go raibh sé gan pioc sa deireadh* “he spent his money so that he had nothing in the end”.

¹ For relative clauses see Lesson XXVI.

But the tendency is to avoid the subordinate clause by using a verbal noun: *do chonac é agus mé ag imeacht* “I saw him when I was going away” (p. 105); *roimh imeacht dó* “before he went away”; *tar éis imeacht dó* “after he went away”; *chun é a fheiscint* “in order to see it” (p. 115); *toisc é bheith as baile* “because he was not at home”.

The co-ordinating conjunctions require no separate treatment, but it will be convenient to list them here:

ach	but	mar	for
agus	and	mar sin féin	even so
idir. . . agus	both. . . and	ná	nor, than
chomh	so, as	nó	or

VOCABULARY

am (aum) m. <i>time</i>	féidir (fēdir) <i>possible</i> ; is féidir
amanathar (ã-mònãrhãr) “ <i>the day after tomorrow</i> ”	liom <i>I am able</i>
amú (ã-moò) <i>astray</i>	feitheamh (fihãv) <i>le awaiting, to await</i>
áthas (aahãs) m. <i>joy</i>	fé thráthnóna <i>by evening</i>
cá bhfios dom? (ko vis dum) <i>how do I know?</i>	fómhar (fôr.) m. <i>harvest</i>
caoi (kã) f. <i>opportunity</i>	gearán (gi-raàn) vn. <i>complaining, to complain</i>
ceapaim (kyapim) <i>I think</i>	glacaim (glokim) <i>I take</i>
ciall (keeãl) f. <i>sense</i>	mall (maul) <i>slow</i>
ciallmhar (keeãlvãr) <i>sensible, wise</i>	misneach (mish-nòch) m. <i>courage</i>
do shíleas (heelãs) <i>I thought</i>	náire (naari) f. <i>shame</i>
éigean (ēgãn) f. <i>necessity</i> ; is éigean dom “ <i>I must</i> ”	puinn (pweeng) <i>much, many</i> (only with a negative):
éiríonn leis <i>he succeeds</i>	níl puinn céille aige <i>he has not much sense</i>
éisteacht (ēshdãcht) vn. <i>listening, to listen</i>	sásamh (saasãv) vn. <i>satisfying, to satisfy</i>
fáilte (faalhi) f. <i>welcome</i> ; cuirim fáilte roimh ¹ <i>I welcome</i>	sioc (shuk) m. <i>frost</i>
	síol (sheel) m. <i>seed</i>
	tair (tar) <i>come!</i>

¹ The recording has a dialect form of this word.

teip: do theip orm *It failed* tionóisc (ti-nōshk) f. *accident*
me, I failed tost (tōst) m. *silence*

Exercise 37

A. 1. Má chuireann sibh-se an síol, bainfimid-ne an fómhar. 2. Tair go luath, más féidir leat é! 3. Má thugann tú a ndóthain le n-ithe dhóibh, beid sásta. 4. Má dheinid a ndícheall, éireoidh leo, agus mara ndeinid, ní éireoidh. 5. Maran maith leis dul i dteannta na ndaoine eile, féadfaidh sé dul ann ina aonar. 6. Más rud é go bhfaca sé an tionóisc, is aige atá a fhios cad a tharla. 7. Dá bhfaighimís caoi chuige, bheadh an obair déanta i n-am againn. 8. Dá dtuigfeá i gceart é, do ghlacfa a chomhairle. 9. Dá mbeadh an lá inné go breá, do bheimís amuigh sa ghairdin. 10. Má bhíonn an lá amáireach fliuch, fanfaimíd sa bhaile. 11. Dá mba rud é go mbeadh an talamh le diol, do cheannóinn é. 12. Dá mba ná beinn ann, ní fhéadfainn fáilte do chur roimhe¹. 13. Mara mbeadh go rabhas ann go luath, ní fheicfinn i n-aon chor é. 14. Conas a thuigfeadh duine an Ghaeilge mara bhfoghlaimeodh sé í?

B. 1. Is dócha go mbeidh sioc anocht againn. 2. Cad 'na thaobh gur chuaigh Seán go dtí an baile mór? 3. Shíl sé go mb'²fhéidir go mbeadh Caitilín ag teacht abhaile. 4. Do cheapamair ná tiocfadh sí go ceann coicís. 5. Do shíleas-sa go mbeadh sí anso fé thráthnóna. 6. B'fhéidir go dtiocfadh sí fós. 7. Cad 'na thaobh nár fhan sí sa bhaile? 8. Deir a máthair gur deacair í a shásamh. 9. Bhí eagla uirthi go mbeadh uaigneas ar Mháire. 10. Cá bhfios di go mbeidh Máire ann roimpi? 11. Do scríobh sí chúithi agus dúirt go mbeadh sí ag feitheamh léi. 12. Fanfaidh sí go dtí go mbeidh Caitilín ina teannta. 13. Ba chóir go mbeadh áthas ar Chaitiín.

14. Ní rabhas i bhfad aim nuair a tháinig uaigneas orm.
 15. Theip orm an obair a dhéanamh cé gur dheineas mo

¹ The sound recording gives a dialect version of 'roimhe'.

² The copula is here conditional (p. 52), and the *ro*-form *gurbh* is not required.

dhícheall. 16. Do chuas go dtí é chun go labharfainn leis. 17. Bhí sé chomh maith aige an obair a chríochnú, ó thosnaigh sé i n-aon chor. 18. Níor chuas ann toisc go raibh gnó sa bhaile agam. 19. Bhí sé chomh dorcha gur cheapamair go raibh an oíche tagtha. 20. Bíonn an fear ciallmhar ina thost nuair ná bíonn pioc le rá aige.

Exercise 38

A. 1. If you come early tomorrow, I shall give you the money. 2. I should have given it to you yesterday, if you had come in time. 3. Come if (it is) possible, and if (it is) not (possible), I shall go to you. 4. If he speaks slowly, perhaps we shall understand him. 5. If they wish to come, they will be welcome, but I shall not ask them to come. 6. Why should they eat meat, if they prefer fish? 7. If we said that, they would be very angry. 8. If in fact they said that, they were wrong. 9. If it were not for the fact that I saw him there, I should not have believed that he was in Dublin. 10. How would they have heard the story, unless someone told it to them?

B. 1. Why is Martin going to Cork? 2. He thinks that the boat will be going south a week from to-day. 3. He says he wants to go (together) with his brother. 4. I know (*tá a fhios agam*) that he would like to go there, but he must wait till the day after tomorrow. 5. They are afraid that people will believe what (*an rud*) he says. 6. Tell him (*abair leis*) that we shall wait till he is ready. 7. Why did you not go to school yesterday? 8. The master says that you were not there. 9. You ought (say "it would be right") to be ashamed!

10. When he saw the men coming, he stood up to welcome them. 11. We gave them a meal before they went away. 12. They did not stay long for they were tired. 13. The night was so dark that we went astray. 14. We did not buy anything because we had no money. 15. Although you have courage, you have not much sense. 16. The children complain when they have nothing to do.

LESSON XVII

“Liking”, “thinking”, “wishing”.

We have seen that *tá aithne agam air* means “I know him”. Similar constructions are used for English verbs of liking, loving, respecting, interest and desire: *tá meas agam air* “I respect him”, *tá cion agam air* “I like him”, *tá grá agam di* (with prep. *do*) “I love her”, *bhí trua agam dó* “I pitied him”, *tá suim agam ann* (with prep. *i*) “I am interested in it”, *tá dúil agam ann* “I have a desire for it”.

Some such abstract nouns take the verb *is* (copula) and the prep. *le*: *is mian leis* “he wishes”; *is trua liom é* “I think it a pity”; *is dóigh liom* “I think it probable”, “I think”; and so with adjectives: *is maith liom é* “I like it”; *is mór liom é* “I think it too much”; *ní beag liom é* “I think it enough”; *is fada liom é* “I think it too long”; *is cuma liom* “I do not care” (“I think it equal”).

This construction (*is . . . le*) expresses *opinion* (“thinking”). The preposition *do* is used instead of *le* to state *a fact*. Note specially *ní miste liom* “I do not mind”, “I think it no harm”, which occurs only in the negative and interrogative; and *ní miste dhom* “I may as well” (“it is no harm for me”). So also *ní mór dom* “I must”; *ní foláir dom* “I must” (“it is not excess for me”); *ní beag dom é*, or *is leor dom é* “it is enough for me”.

So you can say *b’fhada liom fanúint leis* “I thought it (too) long to wait for him”; *ní mór liom duit é* “I do not grudge it to you”. Similarly *is áil liom* “I wish”; *sin é dob áil liom do rá* “that is what I wanted to say”.

You have had two simple verbs for “to think”, *ceapaim* and *sílim*: *ceapann Seán* (or *is dóigh le Seán*) means “John thinks”. Note that in West Munster *sílim* is not used in the present tense.

VOCABULARY

a laghad san (leeăd) <i>so little</i>	feirm (ferim) f. <i>farm</i>
bás (baas) m. <i>death</i>	fírinne (feeringi) f. <i>truth</i>
beagán (byă-gaàn) m. <i>a little</i>	fuair sé bás <i>he died</i>
cathain? (kă-hin) <i>when?</i>	gá (gaa) m. <i>need</i> ; tá gá le
canad (= cé an áit)? <i>where?</i>	tine <i>there is need of a fire</i>
cé acu? (kyukă) <i>which (of them)?</i>	ionadh (oonă) f. <i>wonder</i> ; dob
cíos (kees) m. <i>rent</i>	ionadh leis <i>he wondered</i>
cuimhne (keeni) f. <i>memory</i> ;	leor (lyōr) <i>enough</i>
cuirim i gcuimhne (do) <i>I remind</i>	maith: ba mhaith liom <i>I would like</i>
cuma <i>equal</i>	mar gheall ar (youl) <i>about, on account of</i>
dearmhad (da-roòd) m. <i>forgetting, to forget</i>	moill (mweel) f. <i>delay</i> ; moill
eagal (ogăl); is eagal liom <i>I fear</i>	do chur ar <i>to delay</i>
éigin (ēgin) <i>some</i>	saghas (says) m. <i>sort</i>
féar (feear) m. <i>grass, hay</i>	tart (tort) m. <i>thirst</i>
fearr (faar) <i>better</i> ; is fearr liom <i>I prefer</i>	tuillim (tilim) <i>I earn, I deserve</i>
	ubh (öv) m. <i>egg</i> ; pl. uibhe (ee)

Exercise 39

1. Cad ba mhaith leat i gcóir do dhinnéir? 2. An bhfuil dúil agat i n-iasc? 3. Níl; is fearr liom uibhe i n-éineacht leis na prátaí. 4. An bhfuil an t-im ar an mbord? 5. Is eagal liom ná fuil. 6. Dheineas dearmhad ar é¹ a cheannach agus mé sa tsiopa². 7. Is trua liom nár chuireas i gcuimhne dhuit é ach ní fhaca thú sarar imís.

8. Ar mhiste leat an fhuinneog a dhúnadh? 9. Níor mhiste, ach ní féidir liom é. 10. Ní miste dhúinn beagán oibre a

¹ Note that the phrase *é a cheannach* remains after the preposition; the prepositional pronoun is not used.

² See p. 96.

dhéanamh. 11. An dóigh leat go mbeidh sé fuar um thráth-nóna? 12. An mbeidh gá le tine againn? 13. Ní bheidh. Is cuma liom-sa mar gheall ar an bhfuacht.

14. An bhfuil eolas na háite seo go maith agat? 15. Tá go deimhin, ach níl a fhios agam cá bhfuil an t-ospidéal. 16. Féadfaidh mé é a fhiafraí de dhuine éigin. 17. Bhí aithne agam ar dhochtúir a bhí ann, ach fuair sé bás anuraidh. 18. Bhí ana-mheas ag gach aon duine air, agus bhí san tuille go maith aige. 19. Do dheineadh sé a dhícheall don té a bheadh breoite, agus níor mhór le haon duine dhó an t-airgead d'iarradh sé.

Exercise 40

1. I would like to write a letter, but I cannot find a pen. 2. My father bought one for me, but I have lost it. 3. You might as well buy another. 4. One is enough for me. 5. I think it too long to wait until I find (fut.) it again. 6. They wondered that we were so tired. 7. Which do you prefer, tea or milk? 8. I do not care. 9. Any sort of drink will take my thirst away.

10. We shall all die, but we do not know when or where. 11. The doctor likes to do his best for us all. 12. He does not mind waiting for you. 13. We think it a pity to delay him. 14. Would you mind closing the door? 15. No, but I do not think it is open. 16. Does Michael like fish for supper? 17. I do not know. I prefer eggs.

18. Do you know where the station is? 19. No, but I can (fut.) ask (it of) the guard. 20. He knows the town well.

LESSON XVIII

Weak Plurals and Irregular Nouns

The regular plurals in the last three declensions have been studied in connection with Lesson XI (Appendix pp. 193-6). Some plural endings have the advantage that they are distinctive and cannot be confused with any form of the singular, because they are extra syllables. They have the further advantage that they remain in the genitive, *-ibh* being added for the dative case, insofar as the dative survives. These endings, which are regular for some declensions, tend to spread to others, and are called “weak” endings.

(i) *-tha (-ta), -the (-te)*¹

This ending is regular in the third and fourth declensions. It has spread to nouns of the first and second, namely to some nouns ending in *l, n, r*:

I *seol* “sail”, pl. *seolta*; *scéal* “story”, *scéalta*; *cuan* “bay, harbour”, *cuanta*; *líon* “net”, *líonta*; *muileann* “mill”, *muilte*; *glór* “voice”, *glórtha*. And note *céad* “hundred”, *céadta*.

II *coill* “wood”, *coillte*; *buíon* “group” “troop”, *buíonta*; *pian* “pain”, *pianta*; *slinn* “slate”, *slinntte*; *spéir* “sky”, *spéartha*; *tír* “country”, *tíortha*.

(ii) *(e)anna, -anta*

The ending *-(e)anna* is common to all declensions except the first. There is a form *-anta* which is to be distinguished from it. It occurs notably in words expressing time: *bliain*

¹ After *d, n, t, l, s* the *th* becomes *t*.

“year” pl. *blianta*; *uair* “time”, *uaireanta*; *am* “time”, *amanta*; *lá* “day”, *laetheanta*; *oíche* “night”, *oícheanta*. Note also *aithne* “commandment”, *aitheanta*.

(iii) -acha

This ending is common to the third and fifth declensions, and it tends to spread to nouns of the first and second, and also within the others:

I *clár* “board”, pl. *cláracha*; *tobar* “well”, pl. *toibreacha*.

II *áit* “place” pl. *áiteanna* is normal, but *áiteacha* is also used; *craobh* “branch”, pl. *craobhacha*; *préamh* “root”, pl. *préamhacha*. Note *ainm* “name”, pl. *ainmneacha*.

(iv) -í

This ending is regular in the third and fourth declensions, and has also spread as a weak ending. In the first declension *cogadh* “war” and *margadh* “market” which end phonetically in a short vowel (*cogă*, *marăgă*) form the pl. *cogaí*, *margaí*. And note *leanbh* “child”, pl. *leanaí* (old spelling *leanbhaí*).

Some nouns of the second declension which end in a slender consonant form this plural: *abairt* “saying, sentence”, *abairtí*; *óráid* “speech”, *óráidí*; *tuairim* “opinion”, *tuairimi*. Also *pingin*, *scilling* and *seachtain* except after numerals.

In the spoken language, plurals in *-íocha* are often heard, where *-acha* has been added to *-í*, so that you have a double plural: *crannaíocha* “trees”, beside *crainn*, *crainnte*. Many nouns have alternative plural forms: *áiteanna* and *áiteacha* are both common as plural of *áit* “place”. In general it may be said that plural forms in Irish are much freer than in English. As pl. of *óráid* “speech”, *óráidí*, *óráideanna*, *óráideacha*, *óráidíocha* would all be understood, and none of them would be shocking to a native speaker.

The following nouns are irregular:

Nom.	Gen.	Dual	Pl.	G. Pl.
bean f. <i>woman</i>	mná (dat. mnaoi)	dhá mhnaoi	mná	ban
bó f. <i>cow</i>	bó	dhá bhoin	ba	bó
bráthair m. <i>brother (religious)</i>	bráthar	dhá bhráthair	bráithre	bráthar
caora f. <i>sheep</i>	caorach	dhá chaora	caoirigh	caorach
cara m. and f. <i>friend</i>	carad		cairde	carad
codladh m. <i>sleep</i>	codlata			
dia m. <i>god</i>	dé		déithe	déithe
duine m. <i>person</i>	duine		daoine	daoine
gnó m. <i>business, use</i>	gnótha		gnóthaí	gnóthaí
lá m. <i>day</i>	lae	dhá lá	laetheanta	laetheanta
leabaidh f. <i>bed</i>	leapa, leapan	dhá leabaidh	leapacha	leapacha
sliabh m. <i>mountain</i>	sléibhe	dhá shliabh	sléibhte	sléibhte
talamh m. and f. <i>land</i>	tailimh, talún		tailte, talúintí	tailte, talúintí
tigh m. <i>house</i>	tighe (tí)	dhá thigh	tighthe (tithe)	tighthe (tithe)
uibh m. <i>egg</i>	uibh	dhá ubh	uibhe	ubh

The conjunction *agus* is commonly used to introduce a clause which in English would be introduced by “when” or “as” : “I saw him as I was coming out” (*Do*) *chonac é agus mé ag teacht amach*; “I met him as I was on my way home” *Do bhuail sé umum agus mé ar mo shlí abhaile*. Notice that the verb “to be” is not expressed in the co-ordinate clause. Similarly: *bhíodar ina suí i dteannta a chéile agus iad ag caint* “they were sitting together talking”, where English has merely the participle in apposition.

The same construction may have other shades of meaning, e.g. *fuair sé bás agus é cuíosach óg* “he died (while) fairly young”; *ná fuil do dhóthain cheana agat agus gan bheith ag lorg tuilleadh?* “have you not enough already, without asking for more?” and clearly disjunctive, *do labhair sé liom as Béarla agus afios aige ná raibh aon Bhéarla agam* “he spoke to me in English though he knew I had no English”.

When the logical object of a verbal noun is a noun, it appears in the genitive case (except in the bracketed construction (see p. 79)): *tá sé ag insint scéil* “he is telling a story” (p. 44). When this object is a phrase, it is anticipated by a proleptic possessive a preceding the verbal noun: *ar mhiste a fhiafraí dhíot cad é an t-aos tú?* “Would it be any harm to ask your age?” (lit. “its asking”); *is deacair a rá cé acu is fearr* “it is hard to say which is best” (lit. “its saying”).

VOCABULARY

aithním (an-heëm) <i>I recognise</i>	crochta (kröchdã) <i>set</i> (of sails), <i>aloft</i>
aníos (ã-neès) <i>up</i>	cruach (krooäch) f. <i>rick</i>
bairille (borili) m. <i>barrel</i>	cuan (kooän) m. <i>harbour</i> ;
buíon (bweeän) f. <i>class</i>	Cuan Dor <i>Glandore Harbour</i>
ceist (kesht) f. <i>question</i>	cúnamh (koonäv) m. <i>help</i>
cóir (kōr) f. <i>provision, favourable wind</i>	cúntóir (koon-tōr) m. <i>assistant</i>
craobh (kräv) f. <i>branch</i>	díol (deel) vn. <i>selling</i>
cró (krō) m. <i>byre</i>	

Dún na Séad (<u>doonă sheead</u>) <i>Baltimore</i>	mórthimpeall (moosr- heèmpäl) <i>all around</i>
éirí (ay-reè) m. <i>rising</i> ; le héirí gréine <i>at sunrise</i>	Oileán Cléire (i-laàn klēri) <i>Cape Clear Island</i>
fé cheann (fă-chyoùn) <i>within</i> (of time)	Ó Súilleabháin (ō-soòlăvaan) <i>O'Sullivan</i>
foláir (fālaär): ní foláir <i>one</i> <i>must</i> (lit. <i>it is not too much</i>)	Ó Séaghdha (ō-shē) <i>O'Shea</i>
gabham (goum) <i>I take, I go</i> ; ghaibh sé <i>he went</i>	paróiste (prōshdi) f. <i>parish</i> post (pöst) m. <i>post, position</i>
gaoth (gäh) f. <i>wind</i>	praghas (prays) m. <i>price</i>
grian (greeän) f. <i>sun</i>	préamh (preeav) i. <i>root</i> (pl. préamhacha)
iarthar (eeärhär) m. <i>the west</i>	scadán (sgă-daàn) m. <i>herring</i>
iascach (eegsgäch) m. <i>fishing,</i> <i>to fish</i>	scaoilim <i>I let go, I let loose</i>
lá (laa) m. <i>day</i>	seol (shōl) m. <i>sail</i>
leisce (leshgi) f. <i>laziness,</i> <i>unwillingness</i> ; tá leisce air <i>he is loth</i>	sliabh (shleeäv) m. <i>mountain</i>
linn (leeng): le linn <i>during</i>	stoirm (sderim) f. <i>storm</i>
líon (leen) m. <i>net</i>	taobh (täv) m. <i>side</i> ; taobh thall de <i>beyond</i> ; taobh theas <i>south</i> ; taobh istigh <i>within</i>
maircréal (mar-krēl) m. <i>mackerel</i>	tairgim (tarigim) <i>I draw</i>
mó, an mó? <i>how many?</i> (followed by a noun in the <i>singular</i> , p. 125)	treo (trō) m. <i>direction, place</i> ; i dtreo <i>in order, ready</i>
	tugaim fé ndeara <i>I notice</i>
	tuairim (tooärim) f. <i>opinion</i>

Exercise 41

(Weak plurals, irreg. nouns and revision of irreg. verbs)

1. Nuair a chuaigh sé amach ar maidin, do dhein sé dearmhad ar an ndoras a dhúnadh. 2. Níor aithníos an máistir nuair a chonac ag an stáisiún é. 3. Ní fhacaís-se i n-aon chor é. 4. Do chuireas ceist chuige agus níor fhéad sé í a fhreagairt. 5. Cad d'fhiafraís de? 6. Do bhí ceisteanna agam le cur chuige mar gheall ar na scoileanna. 7. Deir daoine go bhfuil na buionta ró-mhór, agus nach foláir dúinn tuilleadh

múinteoirí a thabhairt isteach chun na hoibre a dhéanamh. 8. An mó scoil atá ann? 9. Tá dhá cheann, ceann i gcóir na mbuachaillí agus ceann i gcóir na gcailíní. 10. Is deacair múinteoirí d'fháil na laetheanta so. 11. Tá cairde agam-sa agus ba mhaith leo bheith ina múinteoirí. 12. Iarr orthu scríobh chúm i n-ainm Dé, mar beidh postanna agam dóibh.

13. Is olc an chomhairle comhairle mhná. 14. Do bhí ba agus caoirigh le díol againn an tseachtain seo ghaibh tharainn, agus bhí leisce ar mo mhnaoi iad a scaoileadh uaithe gan praghas maith d'fháil. 15. Cloiseann na mná an iomad scéalta agus an iomad tuairimí. 16. Tá coillte breátha ar na sléibhte. 17. Do thit cuid desna crainn le linn na stoirme. 18. Tá na préamhacha aníos as an dtalamh agus craobhacha briste ar chrainn mórthimpeall orthu. 19. Chonaiceamair iad agus sinn ag teacht ón mbaile mór. 20. Bíonn báid iascaigh ag teacht isteach i gcuantaibh iarthair Chorcaí le maircréil sa tsamhradh agus le scadaín sa bhfómhar. 21. Bíonn na seolta crochta orthu chun dul amach arís tar éis lae a chaitheamh i gCuan Dor nó i nDún na Séad, agus na líonta i dtreo.

Exercise 42

1. We went out in a fishing boat from Glandore yesterday. 2. There were three sails on her, and we had a fair wind. 3. She was south of Cape Clear Island within two hours. 4. The fishermen put out the nets, and then we ate supper. 5. We all slept until morning, and at sunrise they drew in the nets. 6. We had six barrels of herring to bring home.

7. There are three schools in this parish and six classes in each school. 8. Who are the teachers in the new school? 9. Michael O'Sullivan is the head-master, and he has James O'Shea as assistant. 10. Did you notice the big trees beside the road as you came from Mass? 11. Two of them fell last night and there are branches broken on the others. 12. We shall have firing (abhor tine) for the winter without buying

any coal. 13. Everyone has stories about the storm. 14. There are boats without sails in the harbours, 15. We shall get help from the neighbours to bring in the sheep. 16. The cows were in before the wind rose. 17. Where is the cowbyre? 18. It is beyond the turf-rick.

LESSON XIX

Passive and Impersonal

Passive-Impersonal Forms of Regular Verbs

First Conjugation

Present	dúntar	buailtear
Past	do dúnadh ¹	do buaileadh ¹
Imperfect	do dúntaí	do buailtí
Future	dúnfar	buailfear
Conditional	do dúnfaí	do buailfí
Present Subjunctive	dúntar	buailtear
Past Subjunctive	dúntaí	buailtí
Imperative	dúntar	buailtear

Second Conjugation

	(a)	(b)
Present	cruinnítear	osclaítear
Past	do cruinníodh ¹	do hoscladh ¹
Imperfect	do cruinnítí	do hosdaítí
Future	cruinneofar	osclófar
Conditional	do cruinneofaí	do hosclófaí
Present Subjunctive	cruinnítear	osclaítear
Past Subjunctive	cruinnítí	osclaítí
Imperative	cruinnítear	osclaítear

In every tense of the verb there is a passive and impersonal form which has neither person nor number. There is thus

¹ The ending *-(e)adh* is here pronounced *-äg* in Cork and *-äch* in Kerry.

only one form for each tense. As the form occurs in both transitive and intransitive verbs, it is best described as passive-impersonal. *Buailtear é (í)* “he (she) is struck”; *buailtear iad* “they are struck”; *do buailtí é (í, iad)* “he (she, they) used to be struck”; *buailfear é (í, iad)* “. . . will be struck”; *do buailfí é (í, iad)* “. . . would be struck”; *do buaileadh é (í, iad)* “. . . was struck¹. But the verb *téim* “I go” also has these forms: *téitear ann gach Domhnach* “people go there every Sunday”; *do téití go minic ann fadó* “long ago people used often to go there”, and so on for any intransitive verb, as occasion may arise. Even the verb *tá* has impersonal forms: *táthar ag déanamh bóthair nua* “they are making a new road, “a new road is being made”²; *sara mbeifí ag magadh fé* “lest people should make fun of him”; *ní mar a síltear a bítear* “things are not as they seem”. This form corresponds to the English use of “one” (French *on*, German *man*) in “one likes”, “one fears”, “one sees”, “one sleeps”, etc.: *téitear i dtaití ar gach rud leis an aimsir* “one gets accustomed to anything with time.”

Note that the initial consonant of the passive-impersonal is not aspirated after rel. *a*, nor in the imperf., past and conditional after *do* (which may be omitted) and that an *h-* is prefixed to initial vowels. The negative particle before the past tense is *níor* which behaves like *do*: *dó hóladh ar fad é* “it was all drunk”; *do hití an iomad* “too much used to be eaten”; *níor hóladh é* “it was not drunk”; *ní hití é* “it used not to be eaten”; *do híosfaí é* “it would be eaten”. After *ní* aspiration is now the common usage: *ní bhuailtear, ní bhuailtí, ní bhuailfear, ní bhuailfí*; and colloquially it may be heard in the other positions.

Six of the eleven irregular verbs form the preterite passive in *-thas*:

¹ Note form of pronoun.

² The commoner construction here, however, is *tá bóthar nua dá dhéanamh*, where *bóthar* is the subject, and an agent may be expressed with the preposition *ag*: *tá bóthar nua dá dhéanamh acu* “they are making a new road” (Lesson XXVII).

	Pret. pass.	
	Absolute	Dependent
chím “ <i>I see</i> ”	chonaictheas	facthas
gheibhim “ <i>I get</i> ”	fuarthas	
téim “ <i>I go</i> ”	chuathas	
tagaim “ <i>I come</i> ”	thánathas	
cloisim “ <i>I hear</i> ”	chualathas	
táim “ <i>I am</i> ”	bhíothas	rabhthas

With *facthas*, *fuarthas* and *rabhthas* the particles *an*, *go*, *ná* and *ní* do not take *ro* (cf. p. 89), and *facthas* suffers aspiration, *fuarthas* eclipsis after *ní* (cf. p. 85).

This preterite passive must be distinguished from the 1 sg. preterite of the active voice, where the ending is *-as* (not *-thas*).

VOCABULARY

beithíoch (be-heèch) m. <i>beast</i> ;	<i>such a thing</i> ;	a leithéid <i>the</i>
pl. beithígh (be-heèg)	<i>like of it</i>	
<i>cattle</i>	magadh (mogã) fé <i>mocking,</i>	
bréag (breeag) f. <i>a lie</i>	<i>to mock, make fun of</i>	
Cill Mo Bhí (keelmã-veè)	maraím (mo-reèm) <i>I kill</i>	
<i>Kilmovee</i>	mar ba cheart <i>properly</i>	
díobháil (dee-vaàl) f. <i>harm</i>	páirc (paark) f. <i>field</i>	
dúradh (doorãg) leo <i>they</i>	plúr (ploor) m. <i>flour</i>	
<i>were told</i>	riamh (reeãv) <i>ever (in the past)</i>	
éad (ead) m. <i>jealousy</i>	sáraím (saa-reèm) <i>I contra-</i>	
eagla: le heagla go <i>for fear</i>	<i>dict, prove wrong</i>	
<i>that, lest</i>	seanfhocal (shanãkãl) m.	
Gaeltacht (gãltãcht) f. <i>the</i>	<i>proverb</i>	
<i>Irish-speaking country</i>	séipéal (shē-pēl) m. <i>chapel</i>	
glacaim (glokim) le <i>I accept</i>	stróinséir (sdrōn-shēr) m.	
go brách (gã-braàch), go	<i>stranger</i>	
deo (gã-dyō) <i>ever (in the</i>	tábhairne (taarni) m. <i>public-</i>	
<i>future)</i>	<i>house</i>	
leathar (lahãr) m. <i>leather</i>	teacht (tacht) vn. <i>coming</i>	
léann (lēn) m. <i>learning</i>	thíos (hees) <i>below, down</i>	
leithéid (li-hēd) f. <i>the like</i> ;	thuas (hooãs) <i>above, up</i>	
	ualach (ooãlach) m. <i>burden</i>	

Exercise 43

A. 1. Dúntar an doras gach tráthnóna. 2. Do buailtí iad. 3. Raghfar. 4. Gheofaí an t-airgead. 5. Do briseadh na huibhe. 6. Deintear arán de phlúr. 7. Buailtear an coirce le súiste. 8. Do crúdh na ba. 9. Chonaictheas na daoine. 10. Do scaoilí amach iad.

B. 1. Do scaoileadh amach na ba agus tugadh isteach na capaill as an bpáirc. 2. Cathain a cuirfear na muca go dtí an t-aonach? 3. Téití go Cill Mo Bhí chun an Aifrinn fadó, ach tá séipéal againn ar an mbaile seo anois. 4. Ní fhacthas a leithéid riamh. 5. Dúradh leo dul chun cainte leis an stróinséir. 6. Cad 'na thaobh nár hinseadh dom go rabhais anso? 7. Dá gceilfí an fhírinne, b'fhéidir go neosfaí bréag. 8. D'fhan sé sa bhaile sara mbeifí ag magadh fé. 9. Dúradh leis na páisti gan dul i n-aise na habhann. 10. Do hiarradh orthu teacht abhaile chun a ndinnéir. 11. Tar éis mo dhíchill ní bhítear buíoch díom. 12. Is seanfhocal é: "an té atá thuas óltar deoch air agus an té atá thíos buailtear cos air." 13. Ní féidir an seanfhocal do shárú.

Exercise 44

A. 1. It was sold. 2. They were bought. 3. We would be killed. 4. She was not seen. 5. The money was lost. 6. The books will be found. 7. (People) came. 8. The dogs were let loose.

B. 1. Shoes are made of leather. 2. They used to be made of wood long ago. 3. People sometimes go to the public-house after the fair. 4. Those men were never seen before that. 5. We were told to come here after dinner. 6. When will those cattle be sold? 7. If you do that, people will say that it was through jealousy you did it. 8. Why are people always complaining? 9. If the story had been told properly there would have been no harm in it. 10. The like of it will never be seen again, 11. They say that "learning is no burden to a man". 12. When were you told that? 13. It is a proverb that is often heard in the Gaeltacht.

Exercise 45

Exercise in Irregular Verbs

1. They shall see. 2. You (pl.) saw. 3. I would see. 4. We shall go. 5. They came. 6. Would you (sg.) go? 7. Did he say? 8. We shall come. 9. They would not see. 10. You (sg.) would say. 11. They said. 12. I shall hear. 13. Did you (pl.) hear? 14. I do not see. 15. We get. 16. We got. 17. Do you (sg.) get? 18. I shall get. 19. I shall not get. 20. They said that you would not get it, but I hear that you will.

LESSON XX

Irregular Formation of the Verbal Noun.

Syntax of the Verbal Noun.

We have seen (p. 44) that verbs of the first conjugation normally form the verbal noun by adding *-adh* (-ă) to the stem (*-eadh* if the stem ends in a slender consonant); *dúnaim* “I shut”, vn. *dúnadh*; *millim* “I destroy”, vn. *milleadh*.¹

Verbs of the second conjugation (a) change the *í* of the stem to *-(i)ú* or (b) add *-t* to *il, in, ir*; (a) *diúltaím* “I refuse”, vn. *diúltú*; *cruinním* “I collect”, vn. *cruinniú*; (b) *cimlím* “I rub”, vn. *cimilt*; *seachnaím* “I avoid”, vn. *seachaint*; *fógraim* “I announce”, vn. *fógairt*; *labhram* “I speak”, vn. *labhairt*; *insim* “I tell”, vn. *insint* (irreg.). See p. 67.

There are also irregular formations which must be learned for each verb. (i) Some verbs use the stem as verbal noun: *ceanglaim* “I bind”, vn. *ceangal*; *cuirim* “I put”, vn. *cur*; *fásaim* “I grow”, vn. *fás*; *machnaím* “I consider”, vn. *machnamh*²; *ólaim* “I drink”, vn. *ól*; *rithim* “I run”, vn. *rith*; *siúlaim* “I walk”, vn. *siúl*; *snámhaim* “I swim”, vn. *snámh*.

(ii) Some verbs add *-úint* to the stem: *caillim* “I lose”, *cailliúint*; *creidim* “I believe”, *creidiúint*; *fanaim* “I wait, stay”, *fanúint*; *leanaim* “I follow”, *leanúint*; *scaraim* “I separate, part from”, *scarúint*. (These words are stressed on the second syllable, p. 11).

(iii) Vn. in *-int*: *cloisim* “I hear” vn. *cloisint*; *fágaim* “I

¹ *buailim* “I strike” has vn. *bualadh* with broad *l*.

² Some verbs with stems ending in a broad consonant form the 3 sg. past (and 2 sg. imperative) with a slender final: *do cheangail sé*, *do mhachnaimh sé*.

leave” m. *fágaint*; *féachaim* “I look”, vn. *féachaint*; *ligim* “let”, vn. *ligint*; *tuigim* “I understand”, vn. *tuiscint* (irreg.); *chím* “I see”, vn. *feiscint* (irreg.).

(iv) Vn. in *-amh*: *caithim* “I spend, am obliged to (do)”, vn. *caitheamh*; *deinim* “I do”, vn. *déanamh*; *léim* “I read”, vn. *léamh*; *máithim* “I forgive”, vn. *maitheamh*; *sásaím* “I satisfy”, vn. *sásamh*; *seasaím* “I stand”, vn. *seasamh*; *tuillim* “I earn”, vn. *tuilleamh*. *Feitheamh* “to await” occurs only as a vn.

(v) Vn. in *-áil*; *gheibhim*, *faighim* “I get”, vn. *fáil*; *gabhaim* “I take”, vn. *gabháil*.

Téim “I go”, vn. *dul*; *tagaim* “I come”, vn. *teacht*.

The commonest uses of the verbal noun correspond (a) to the English present participle (p. 44) and (b) to the infinitive (p. 79). These are by now familiar. Other uses are as follows:

(a) Purpose is expressed by the prep. *chun* “towards” with a verbal noun construction: *bhíos chun dul ann* “I intended to go there”; *chuaigh sé ann chun féir do bhaint* “he went there to cut hay”. The noun may be nominative or genitive after *chun* in this construction (p. 79).

(b) The preposition *le* “with” is used in the construction: *tá litir le scríobh agam* “I have a letter to write”; *tá bó le díol agam* “I have a cow to sell” (p. 84).

(c) The verbal noun sometimes occurs in the genitive case, which generally has the same form as the past participle (p. 41). The commonest use is when the vn. in the genitive depends upon an agent-word in the nom.-acc.: *fear déanta bróg* “shoemaker” (lit. “man of making of shoes”); *lucht díolta an éisc* “the people who sell fish”; *lucht léite páipéar* “people who read newspapers”. However, the colloquial form is rather: *fear bróg do dhéanamh*, *lucht éisc do dhiol*, *lucht páipéar do léamh*.

VOCABULARY

áit: i n-áit éigin eile <i>some- where else</i>	gnó (gnō) m. <i>business</i>
thar n-ais (hor-nàsh) <i>back</i>	ionadh (oonă) f. <i>wonder</i>
ceannaí (ka-neè) m. <i>buyer</i>	lá saoire (laa-seèri) m. <i>holiday</i>
cois (kösh) <i>beside</i> , c. gen.	Peadar (padăr) Peter
ceannach (kyă-nòch) vn.	pioc (pyuk) <i>nothing</i>
<i>buying, to buy</i>	seachaint (shachint) vn.
dearmhadaim (da-roòdim)	<i>avoiding, to avoid</i>
<i>I forget; ná dearmhad</i> (da- roòd) <i>don't forget</i>	siúcra (shookiri) m. and f.
deireadh (deri) m. <i>end</i>	<i>sugar</i>
deacair (dyökir) <i>difficult</i>	sroisim (sröshim) <i>I reach,</i>
fágaint (faagint) vn. <i>leaving,</i>	<i>arrive at</i>
<i>to leave</i>	stáisiún (sdaa-shoòn) m. <i>sta-</i>
fliuch (fluch) <i>wet</i>	<i>tion</i>
glaoch (gläch) <i>calling, to</i>	tabhairt (toort) vn. <i>bringing,</i>
<i>call; glaoch chun</i> <i>to call</i>	<i>to bring</i>
<i>upon, visit</i>	tagtha (togăhi) <i>come (partic.)</i>

Exercise 46

1. D'iarramair uirthi fanúint linn. 2. Dúrabhair liom gan teacht. 3. Is deacair é sin do chreidiúint. 4. Ba mhian leis an gceannaí an capall do cheannach uaim. 5. Thánadar anso chun airgid do bhailiú. 6. Is mór an trua an lá do¹ bheith² chomh fliuch. 7. Nach mór an ionadh gan iad do bheith² tagtha? 8. B'fhearr dosna páistí an tarbh do sheachaint. 9. Chuadar go Corcaigh chun an lá saoire do chaitheamh ann. 10. Tá an sean-duine ina shuí cois na tine. 11. Iarrfaimíd air scéal d'insint. 12. Tiocfaimíd thar n-ais oíche eile chun deireadh an scéil do chloisint. 13. Beidh mo mháthair ina codladh nuair a shroisfimid an baile. 14. Dhearmhadamair an t-airgead do thabhairt linn.

¹ After a vowel, in speech, but not writing, expect aspiration.

² The verb, 'to be', is often elided in speech.

Exercise 47

1. They will be going to Killarney tomorrow. 2. I asked them to buy me (for me) sugar and flour. 3. We shall be waiting for them at the station. 4. I told them not to call on my brother, for he is away (*as baile*). 5. When you are (fut.) coming back, do not forget to bring Peter and Sheila with you. 6. The buyer has come (say "is come") to look at the horse. 7. Is it not a pity that my father is not here to meet him (say "before him")? 8. I should not like to sell the horse without his being there. 9. I shall tell the buyer to come some other day. 10. Perhaps he has business to do somewhere else. 11. We asked the old man to tell us a story, but it was very long and we did not wait to hear the end of it (say "its end"). 12. The people of the house were asleep when we reached home.

LESSON XXI

The Adjective. Irregular Verbs: “bear”; “give”; “do”; eat”.

We have seen (p. 58) that an attributive adjective follows the noun and agrees with it in gender, number and case. A predicative adjective is indeclinable (p. 27). There are four classes, or declensions, of adjectives, and they present no difficulty, once the declensions of nouns have been learned:

1. Adjectives ending in a broad consonant are declined like nouns of the first declension in the masculine singular, and like nouns of the second declension in the feminine singular. The nom-acc. and dative plural are formed by adding *-a*.¹ The gen. pl. is the same as the nom. sg.

Masculine

	Singular	Plural
N-A	fear mór	fir mhóra
G	fir mhóir	fear mór
D	fear mór	fearaibh móra
V	a fhir mhóir	a fheara móra

Feminine

	Singular	Plural
N-A	cloch mhór	clocha móra
G	cloiche móire	cloch mór
D	cloich mhóir	clochaibh móra
V	a chloch mhór	a chlocha móra

2. Adjectives ending in a slender consonant (except those in *-úil* and *cóir* “just”, *deacair* “difficult”, *socair* “quiet”) are indeclinable in the singular, except for the genitive sg. fem. which is formed by adding *-e*. The nom-acc. and dat. pl. are

¹ *uasal* “noble” makes the pl. in *-e* with syncope, *uaise*.

the same as the gen. sg. fem. The gen. pl. is the same as the nom. sg.

Masculine

	Singular	Plural
N-A	fear maith	fir mhaithe
G	fir mhaith	fear maith
D	fear maith	fearaibh maithe
V	a fhir mhaith	a fheara maithe

Feminine

	Singular	Plural
N-A	cloch mhaith	clocha maithe
G	cloiche maithe	cloch maith
D	cloich mhaith	clochaibh maithe
V	a chloch mhaith	a chlocha maithe

3. Adjectives in *-úil* and *cóir*, *deacair*, *socair* are indeclinable in the sg. except for the genitive sg. fem. which is formed by adding *-a* (*-úla*). The pl. form is the same as the gen. sg. fem. The ending *-úil* corresponds to the *-ly* of English “manly”, and is added to nouns to form adjectives: *fearúil* “manly”, *laethúil* “daily”, *tráthúil* “timely”, etc.

fear flaithiúil “a generous man”

Masculine

	Singular	Plural
N-A	fear flaithiúil	fir fhlaithiúla
G	fir fhlaithiúil	fear flaithiúil
D	fear flaithiúil	fearaibh flaithiúla
V	a fhir fhlaithiúil	a fheara flaithiúla

bean fhlaithiúil “a generous woman”

Feminine

	Singular	Plural
N-A	bean fhlaithiúil	mná flaithiúla
G	mná flaithiúla	ban flaithiúil
D	mnaoi fhlaithiúil	mnáibh flaithiúla
V	a bhean fhlaithiúil	a mhná flaithiúla

4. Adjectives ending in a vowel are indeclinable in singular and plural, except *breá* “fine”, *gsf.* and *pl.* *breátha* and *te* “hot”, *gsf.* and *pl.* *teo*.

There is no separate dual form of the adjective, and the plural is used: *an dá choin mhóra* “the two big hounds”.

Where two adjectives are joined by “and” in English, the conjunction is omitted in Irish: *tá sé mór láidir* “he is big and strong”.

You have learned (p. 30), that the prefix *ana-* means “very”. English “too”, as in “too good”, “too young” is expressed by the prefix *ró-* which aspirates: *ró-mhaith*, *ró-óg*; *ró-fhada* “too long”; *ró-luath* “too early”, “too soon”. The adjectives *dea-* “good”, *droch-* “bad”, occur only as prefixes¹: *dea-scéal* “good news”; *droch-chomhairle* “bad advice”.

Note the prefixes *so-* “good” and *do-* “bad” which are used with a few participles, e.g. *so-bhlasta* “good to taste”, *so-thógtha* “easy to rear (of cattle)”; *do-líonta* “hard to fill”, *do-shásta* “hard to satisfy”.

Comparison of Adjectives

There are three degrees of comparison as in English “long”, “longer”, “longest”. But the *form* of the regular comparative and superlative is the same. In the first and second declensions *-e* is added, so that the form is the same as the *gen. sg. f.*: *glan* “clean”, *glaine*; *daingean* “firm”, *daingne*. Adjectives in *-úil* (third declension), and the words *cóir*, *deacair* and *socair* form the comparative-superlative by adding *-a*: *fearúil*, *fearúla*; *cóir*, *córa*; *deacair*, *deacra* (with syncope). Most adjectives of the fourth declension are unchanged: *cneasta* “gentle”, *cneasta*; *dorcha* “dark”, *dorcha*; *simplí* “simple”, *simplí*. *Fada* “long” and *gránna* “ugly” change the final *-a* to *-e*: *faide*, *gráinne*.

The difference between comparative and superlative is in the *syntax*. The comparative may be expressed with either

¹ For *sean(a)-* “old” see p. 42.

is or *tá*, and the following phrases should be memorised (*ná* means “than”):

is sine Seán ná Séamas } “John is older than James”.
 tá Seán níos sine ná Séamas }

When *tá* is used, the particle *níos* precedes the comparative. This particle contains *is*, so if the verb “to be” is past or conditional, the particle is often changed to *ní ba*: *bhí Seán ní ba shine ná Séamas*.

Ba dhóbair “it almost happened” is followed by the conditional in a dependent clause: *ba dhóbair go ndearmhadfainn é* “I almost forgot it (him)”; *ba dhóbair . . . go dtitfeadh an capall* “the horse nearly fell”, or by a verbal noun: *ba dhóbair dhom é a dhearmhad*.

Ar, arsa “said” is used only to quote direct speech, and follows the words quoted. The longer form *arsa* is used with

mise, tusa and a noun-subject; *ar* with *seisean, sise*. The emphatic forms of the pronoun are always used.

Ach “but” is used much as in English, except that when it means “only” the verb in Irish is negative or interrogative: *ní raibh aige ach scilling* “he had but a shilling”; *níor dhein sé ach féachaint uirthi* “he did but look at her”; *cé thiocfadh isteach ach Seán!* “who should come in but John!” Idiomatic uses of *ach* are the phrases *ach chomh beag* “either” after a negative; *ach go háirithe* “at any rate”: *níor labhair Seán agus níor labhras-sa ach chomh beag* “John did not speak and I did not speak either”; *raghad-sa ann ach go háirithe* “I shall go there at any rate”.

Sara “before” has also the force of a final conjunction “lest, in order that not”: *chuir sé i bhfolach é sara bhfaighinn é* “he hid it lest I should find it”; *labhair go réidh sara n-aireofaí thú* “speak low lest they should hear you (you should be overheard)” see p. 110.

Fé mar “as, as if”: *fé mar aduart leat* “as I told you”; *bhí sé ag screadaigh fé mar a bheadh pian air* “he was crying out as if he were in pain”.

You have learned to use *is* and *tá* correctly (Lessons VIII and X). In sentences of mere description, where the predicate is a noun, a peculiar construction with *tá* and the preposition *ar* “on” is common: *tá sé ar an ngarsún is fearr sa rang* “he is the best boy in the class” = *is é an garsún is fearr sa rang é*; *bhí sé ar dhuine desna daoine ba léannta a bhí san áit* “he was one of the most learned men in the place” = *duine desna daoine ba léannta . . . dob ea é*; *tá sí ar chailín chomh deas agus a gheofá* “she is as pretty a girl as you would find”.

VOCABULARY

<i>ach chomh beag</i> either (after a negative)	<i>ait</i> (at) <i>queer, strange</i>
	<i>ar dtúis</i> (er-dòsh) <i>at first</i>

bus m. <i>bus</i>	feitheamh (fihāv) le <i>awaiting</i>
cathair (kahir) f. <i>city</i>	fíor-bheagán <i>a very little</i>
céile (kēli) m. and f. <i>companion, partner; i dteannta a chéile together</i>	laetheanta saoire (lähăntă seeri) <i>holidays</i>
cérbh í féin? <i>who was she?</i>	sara fada <i>before long</i>
comhrá (kô-raà) m. <i>conversation</i>	slua (slooă) m. <i>crowd</i>
costas (kösďăs) m. <i>cost</i>	taitneann sé liom (<i>I like it, him</i>)
cúimhnim (kee-neëm) <i>I remember</i>	teacht ar cuairt (chun) <i>to visit</i>
cuirim moill ar <i>I delay (trans.)</i>	tuath (tooă) f.: <i>ar an dtuaith in the county</i>
déanach (deeanăch) <i>late</i>	uaigneas (ooăginăs) m. <i>loneliness</i>
fágaim slán (ag) <i>I say goodbye (to)</i>	

Exercise 61

1. Do chuas féin agus Séamas don Daingean inné agus casadh Liam Ó Murchadha orainn. 2. Mac driféar do Mháire Ní Dhomhnaill is ea é. 3. “Conas taoi?” ar seisean. “Is fada ná faca thú.” 4. “Cad na thaobh”, arsa mise leis, “ná tagann tú ar cuairt chúinn?” 5. “Is annamh a théim go dtí an baile mór, mar is fada liom an turas nuair ná bíonn gnó agam ann.” 6. Do thosnaigh sé ag cur ceisteanna orm fé mar ná beadh aithne aige orm i n-aon chor. 7. Ar airís a leithéid riamh? Is ait an duine é. 8. Dúirt sé liom go bhfuil tithe nua dá ndéanamh ar Bhóthar na Trágha agus gur dóigh leis go bhfaighidh sé ceann acu. 9. D’imíos uaidh sara gcuirfeadh sé fearg orm. 10. Níor dheineas ach fíor-bheagán cainte leis. 11. Thánag abhaile ar an mbus, agus do bhíos anso ar a sé a chlog. 12. Ba dhóbair go dtitfinn agus mé ag teacht anuas den bhus, ach tharla go raibh mo dheartháir ag feitheamh liom agus d’éirigh leis breith orm.

Exercise 62

1. James Murphy and I were in Killarney on Thursday, and we met a niece (brother’s daughter) of James’s.¹ 2. I did not

¹See p. 79.

recognise her at first, and she did not recognise me either; but when she spoke to James, I knew who she was. 3. She lives (is living) in Cork now, and she comes to Killarney only to spend holidays there. 4. "I cannot come oftener," she said, "for I find the journey too long and the cost too great." 5. We spent the day together, and in the evening we went to the station with her. 6. "May God bring you safe home!" said James. 7. "Don't forget to visit us before long." 8. "I thought she spoke as though she did not like the city", said I, when she had gone. 9. "Perhaps she is lonely," said James. 10. "I am glad that I live in the country." 11. We were almost late for the bus, but it happened that there was a big crowd waiting for it, and that delayed it.

Passages of Irish Prose and Verse

(i)

The most successful writer of the Munster dialect is Canon Peter O'Leary (1839-1920), and the learner will do well to begin his reading with O'Leary's works. Here is the beginning of the story of *Séadna*, generally considered his best book:

Bhí fear ann fadó agus is é ainm a bhí air ná Séadna. Grésaí ab ea é. Bhí tigh beag deas cluthar aige ag bun cnoic, ar thaobh na fothana. Bhí cathaoir shúgáin aige do dhein sé féin dó féin, agus ba ghnáth leis suí inti um thráth-nóna, nuair a bhíodh obair an lae críochnaithe, agus nuair a shuíodh sé inti bhíodh sé ar a shástacht. Bhí mealbhóg mine aige ar crochadh i n-aice na tine, agus anois agus arís chuireadh sé a lámh inti agus thógadh sé lan a dhoirn den mhin, agus bhíodh sé á chogaint ar a shuaimhneas. Bhí crann úll ag fás ar an dtaobh amuigh de dhoras aige, agus nuair a bhíodh tart air ó bheith ag cogaint na mine, chuireadh sé lámh sa chrann san agus thógadh sé ceann desna húlloibh, agus d'itheadh sé é.

Lá dá raibh sé ag déanamh bróg, thug sé fé ndeara ná raibh a thuilleadh leathair aige, ná a thuilleadh snátha, ná a thuilleadh céarach. Bhí an taoibhín déanach thuas agus

an greim déanach curtha, agus níor bh'fholair dó dul agus abhar do sholáthar sara bhféadfadh sé a thuilleadh bróg a dhéanamh. Do ghluais sé ar maidin, agus bhí trí scillinge ina phóca, agus ní raibh sé ach míle ón dtigh nuair a bhuail duine bocht uime, a d'iarraidh déarca.

“Tabhair dhom déirc ar son an tSlánaitheora agus le hanaman do mharbh, agus tar cheann do shláinte,” arsan duine bocht.

Thug Séadna scilling dó, agus ansan ní raibh aige ach dhá scilling. Dúirt sé leis féin go mb'fhéidir go ndéanfadh an dá sciling a ghnó. Ní raibh sé ach míle eile ó bhaile nuair a bhuail bean bhocht uime agus í cos-nochtaithe.

“Tabhair dhom cúnamh éigin,” ar sise, “ar son an tSlánaitheora, agus le hanaman do mharbh, agus tar cheann do shláinte.”

Do ghlac trua dhi é, agus thug sé scilling di, agus d'imigh sí. Do bhí aon scilling amháin ansan aige, ach do chomáin sé leis, ag brath air go mbuailfeadh seans éigin uime a chuirfeadh ar a chumas a ghnó a dhéanamh. Níor bh'fhada gur casadh air leanbh agus é ag gol le fuacht agus le hocras.

“Ar son an tSlánaitheora,” arsan leanbh, “tabhair dhom rud éigin le n-ithe.”

Bhí tigh ósta i ngar dóibh, agus do chuaigh Séadna isteach ann, agus cheannaigh sé bríc aráin agus thug sé chun an linbh é. Nuair fuair an leanbh an t-arán d'athraigh a dhealbh. D'fhás sé suas i n-aoirde, agus do las solas iontach 'na shúilibh agus 'na cheannaithibh, i dtreo go dtáinig scanradh ar Shéadna. Chomh luath agus d'fhéad sé labhairt, dúirt sé:

“Cad é an saghas duine thusa?” Agus is é freagra a fuair sé:

“A Shéadna, tá Dia buíoch díot. Aingeal is ea mise. Is mé an tríú haingeal gur thugais déirc dó inniu ar son an tSlánaitheora. Agus anois tá trí ghuí agat le fáil ó Dhia na glóire. Iarr ar Dhia aon trí ghuí is toil leat, agus gheobhair iad. Ach tá aon chomhairle amháin agam-sa le tabhairt duit—ná dearmhad an trócaire.”

“Agus an ndeirir liom go bhfaighead mo ghuf?” arsa Séadna.

“Deirim, gan amhras,” arsan t-aingeal.

“Tá go maith,” arsa Séadna. “Tá cathaoir bheag dheas shúgáin agam sa bhaile, agus an uile dhailtín a thagann isteach, ní foláir leis suí inti. An chéad duine eile a shuífidh inti, ach mé féin, go gceangla sé inti!”

“Faire, faire, a Shéadna!” arsan t-aingeal; “sin guí bhreá imithe gan tairbhe. Tá dhá cheann eile agat, agus ná dearmhad an trócaire.”

“Tá,” arsa Séadna, “mealbhóigín mine agam sa bhaile, agus an uile dhailtín a thagann isteach, ní foláir leis a dhorn a shá inti. An chéad duine eile a chuirfidh lámh sa mhealbhóig sin, ach mé féin, go gceangla sé inti, féach!”

“Ó, a Shéadna, a Shéadna, níl fasc agat!” arsan t-aingeal. “Níl agat anois ach aon ghuí amháin eile. Iarr trócaire Dé dot’ anam.”

“Ó, is fíor dhuit,” arsa Séadna, “ba dhóbaire dom é dhearmhad. Tá crann beag úll agam i leataoibh mo dhorais, agus an uile dhailtín a thagann an treo, ní foláir leis a lámh do chur i n-airde agus úll do stathadh agus do bhreith leis. An chéad duine eile, ach mé féin, a chuirfidh lámh sa chrann san, go gceangla sé ann!—Ó! a dhaoine,” ar seisean, ag sceartadh ar gháirí, “nach agam a bheidh an spórt orthul”

Nuair a tháinig sé as na trithíbh, d’fhéach sé suas agus bhí an t-aingeal imithe. Dhein sé a mhachnamh air féin ar feadh tamaill mhaith. Fé dheireadh thiar thall, dúirt sé leis féin: “Féach anois, níl aon amadán i n-Éirinn is mó ná mé! Dá mbeadh triúr ceangailte agam um an dtaca so, duine sa chathaoir, duine sa mhealbhóig, agus duine sa chrann, cad é an mhaith a dhéanfadh san domh-sa agus mé i bhfad ó bhaile, gan bhia, gan deoch, gan airgead?”

Ní túisce a bhí an méid sin cainte ráite aige ná thug sé fé ndeara os a chomhair amach, san áit ina raibh an t-aingeal, fear fada caol dubh, agus é ag glinniúint air, agus tine chreasa ag teacht as a dhá shúil ina spréchaibh nimhe.

Bhí dhá adhairc air mar a bheadh ar phocán gabhair, agus meigeall fada liath-ghorm garbh air; eireaball mar a bheadh ar mhada rua, agus crúb ar chois leis mar chrúb thairbh. Do leath a bhéal agus a dhá shúil ar Shéadna, agus do stad a chaint. I gcionn tamaill do labhair an Fear Dubh.

“A Shéadna,” ar seisean “ní gá dhuit aon eagla do bheith ort romhamsa. Nílím ar tí do dhíobhála. Ba mhian liom tairbhe éigin a dhénamh duit, dá nglacthá mo chomhairle. Do chloiseas thú anois beag á rá go rabhais gan bhia, gan deoch, gan airgead. Thabharfainn-se airgead do dhóthain duit ar aon choinníoll bheag amháin.”

“Agus greadadh trí lár do scart!” arsa Séadna, agus tháinig a chaint dó; “ná féadfá an méid sin do rá gan duine do mhilleadh led’ chuid glinniúna, pé hé thú féin?”

“Is cuma dhuit cé hé mé, ach bhéarfad an oiread airgid duit anois agus cheannóidh an oiread leathair agus choimeádfaidh ag obair thú go ceann trí mblian ndéag, ar an gcoinníoll so—go dtiocfair liom an uair sin.”

“Agus má réitím leat, cá raghaimíd an uair sin?”

“Cá beag duit an cheist sin do chur nuair a bheidh an leathar ídithe agus bheimíd ag gluaiseacht?”

“Bíodh ina mhargadh!” arsa Séadna.

“Gan teip?” - arsan Fear Dubh.

“Gan teip,” arsa Séadna.

“Dar bhrí na mionn?” arsan Fear Dubh.

“Dar bhrí na mionn.” arsa Séadna.

(ii)

One of the finest poets of the modern period is Eoghan Rua Ó Súilleabháin (1748-1784). This lullaby is chosen for its simplicity. The metres of his songs are a matter for separate study. They are based on an elaborate system of rhymes. The metrical analysis of the second verse here is as follows:

~ x ~ ú ~ ú ~ ó
 ~ x ~ ú ~ ú ~ ó
 ~ x ~ a ~ a ~ ó
 ~ x ~ í ~ í ~ ó

It will be noticed that the final rhyme in -ó is maintained throughout the poem.

Seóthó, a thoil, ná goil go fóill.

Seóthó, a thoill ná goil go fóill.
 Do gheobhair gan dearmad taisce gach seoid
 Do bhí ag do shinsear ríoga romhat
 I n-Éirinn iath-ghlais Choinn is Eoghain.
 Seóthó, a thoil! ná goil go fóill.
 Seóthó, a linbh, a chumann 's a stór,
 Mo chúig céad cumha go dubhach faoi bhrón
 Tú ag sileadh na súl 's do chom gan lón!

Do gheobhair ar dtúis an t-úll id' dhóid
 Do bhí ag an dtriúr i gclúid id' chomhair,
 An staf bhí ag Pan—ba ghreanta an tseoid—
 'S an tslat bhí ag Maois ghníodh díon dó 's treoir.
 Seóthó, a thoil! etc.

Do gheobhair 'na bhfochair sin lomra an óir
 Thug Iason tréan don Ghréig ar bord,
 'S an tréan-each cuthaigh mear cumasach óg
 Do bhí ag Coin Chulainn, ceann urraidh na sló.
 Seóthó, a thoil! etc.

Do gheobhair slea Aicill ba chalma i ngleo,
 Is craoiseach Fhinn gan mhoill id' dhóid,
 Éide Chonaill dob ursa le treoin,
 Is sciath gheal Naois ó Chraoibh na sló.
 Seóthó, a thoil! etc.

Do gheobhair saill uaim, fíon is beoir,
 Is éadach greanta ba mhaise do threoin;
 Ach ó chím do bhuime chúm sa ród
 Ní gheallfad uaim duit duais níos mó.
 Seóthó, a thoil! etc.

Hush, darling! Don't cry just yet!
 You shall get without fail possession of every treasure
 That your royal ancestors had before you
 In green-clad Ireland of Conn and Eoghan.
 Hush, darling! Don't cry just yet!
 Hush, baby, my love and my treasure!
 My five hundred sorrows, as I lament
 That you are crying your eyes out on an empty stomach!

You shall get first into your hand the apple
 Which the Three Maidens put aside for you,
 The staff of Pan—it was a handsome treasure—
 And the rod of Moses which protected and guided him.
 Hush, darling!

You shall get with them the Golden Fleece
 Which brave Jason brought in a ship from Greece,
 And the mettlesome swift horse, young and sturdy
 Of Cú Chulainn, the leader of the hosts.
 Hush, darling!

You shall get the spear of Achilles who was valiant in battle
 And the javelin of Finn into your hand without delay,
 The amour of Conall who stood with the brave,
 And the bright shield of Naoise from the Branch of the
 Hosts!¹
 Hush, darling!

You shall have bacon from me, wine and beer,
 And handsome clothes that would do honour to warriors;
 But I see your nurse coming along the road,
 So I will promise you no more rewards.
 Hush, darling!

¹ The banquet-hall at Emain Macha.

Conclusion.

For further reading we recommend Hyde's old books *Beside the Fire* and *The Love-Songs of Connacht*, if the reader can get hold of them. Both have an English translation opposite to the Irish text. They are written in the Connacht dialect, but the reader who has mastered the lessons given here should have no great difficulty with them, apart from the old spelling. It was of the *Love-Songs* that Yeats said: "the prose parts of this book were the coming of a new power into language." He meant, of course, Hyde's English translation, but one of the claims of Modern Irish upon the English-speaking world is that it is the source of that power.

Failing these, for they are out of print and could only be found in public libraries, O'Leary's *Séadna*, *Bricriu* and *An Craos-Deamhan* are good books to begin with. There is a complete vocabulary to *Séadna*, sold separately, which is useful for all his books, but Dinneen's Irish Dictionary is indispensable. O'Leary's autobiography, *Mo Sgéal Féin*, may also be recommended. The next step will be to tackle the famous autobiography of Tomás Ó Criomhthain, *An tOileánach*, of which there is a translation by Robin Flower, *The Islandman*; and then two other books from Corca Dhuibhne, *Fiche Blian ag Fás*, by Muiris Ó Súilleabháin¹ and *Peig* by Peg Sayers. By that time the reader will be choosing for himself, and beginning to feel his way into the Munster poetry of the seventeenth and eighteenth centuries, and perhaps even the lyric and bardic poetry of an earlier time.

¹ *Twenty Years A-Growing*, translated by Moya Llywelyn Davies and George Thomson, London, 1933,

PART III

Key to the Exercises.

Exercise 1

1. The box is full. 2. There is a bottle there. 3. The book is lost. 4. The road is straight. 5. Is the bottle empty? 6. No, there is milk in it. 7. Is the milk not sour? It is. 8. The fish is fresh. 9. Is (the) dinner ready? 10. It is not ready yet. 11. The boy is sick. 12. Is there money here? 13. The man is tired. 14. Is not the day windy? 15. Yes, but it is not cold.

Exercise 2

1. Tá na boscaí lán. 2. Tá buidéal ansan. 3. Tá na leabhair cailte. 4. Tá na bóithre díreach. 5. An bhfuil na buidéal folamh? 6. Nílid. 7. Ná fuil na boscaí ullamh? 8. Tá na garsúin breoite. 9. Tá na fir tuirseach.

Exercise 3

1. The family is young. 2. The hens are sold. 3. The window is open. 4. Is it closed? 5. No, it is open. 6. The shoe is very small. 7. The drink is very sweet. 8. Is it warm? 9. No, it is cold. 10. The hand is sore. 11. The knife is sharp. 12. The rope is broken. 13. The eyes are closed. 14. The knife is clean. 15. Are the shoes worn out? No. 16. Is the street wet? 17. No it is dry. 18. The pig is fat.

Exercise 4

1. Tá an bia fuar, ach tá an deoch te. 2. Tá na bróga caite. 3. An bhfuil na sceana glan? 4. Nílid, táid siad salach. 5. Tá na doirse dúnta agus tá na fuinneoga ar oscailt. 6. An bhfuil na sráideanna díreach? 7. Nílid, táid siad cam. 8. An bhfuil na muca díolta? Táid. 9. Tá na cearca ramhar. 10. An bhfuil

an tsúil tinn? 11. Tá na lámha fuar. 12. Tá an téad tirim. 13. Tá an fhuinneog briste. 14. Tá an tsráid ana-chiúin.

Exercise 5

Do chailleabhair; do chuireadar; do chreideamair; do líonabhair; do dhíoladar; d'fhanamair; do scríobhabhair; do thuigeadar.

Exercise 6

Díolann sibh; iarraid; féachann tú; caillimid; titeann sé; múineann sibh; stadaimid; tuigim.

Exercise 7

A. 1. Léimid na leabhair. 2. Ólann an garsún an bainne. 3. Ní thuigid (*or* Ní thuigeann siad). 4. Titeann sibh. 5. Caithim an t-airgead. 6. Glanann tú an scian. 7. Dúnann siad (dúnaid) an doras, ach ní dhúnann siad (dhúnaid) an fhuinneog. 8. An dtuigeann sibh? 9. An gcreideann sé? 10. Ní chreideann. 11. Scríobhann sé litir. 12. Ceileann sé an fhírinne.

B. 1. Do thuigeadar na focail. 2. Ar chreid an sagart na garsúin? 3. Do chaillis an t-airgead. 4. Ar bhuail sé an gadhar? 5. Do líonamair na buidéal. 6. Ar ól na garsúin an t-uisce? 7. Níor óladar, ach d'óladar bainne. 8. Ar léis an páipéar? 9. Léann na sagairt na leabhair.

Exercise 8

1. The priest's horse is lame. 2. They left a wooden box on the floor. 3. The boy's coat is very big. 4. They lost a bag of money on the road and they are troubled and sad. 5. She left a bottle of milk and a glass of water on the table. 6. They broke the window with stones. 7. The hens are at the window. 8. The dog is under the table. 9. The boys' room is dark. 10. We shut the window of the room. 11. Did you take the money from the boy? Yes. 12. The men leave the horses in the field.

Exercise 9

1. Tá cos an ghadhair briste. 2. Léann sé leabhair an ghar-súin. 3. Do chuireamair an t-airgead fén gcloich. 4. Tá an cat fén bhfuinneog agus tá an gadhar ag an ndoras. 5. Ar chaillis airgead an tsagairt? 6. Do chuir sé gloine ar an mbord. 7. Briseann na fir clocha ar an mbóthar. 8. Tá an fear ag ceann an bhoird. 9. Ritheann na capaill timpeall na páirce. 10. Do bhain sé na leabhair desna garsúnaibh. 11. D'fhágamair fuinneog an tseomra ar oscailt. 12. Tá fráma na fuinneoige deisithe.

Exercise 10

1. God and Mary to you, Tim! 2. God and Mary to you and Patrick! How are you? 3. I am well, thank God! How are you all at home? 4. We are well. 5. John is in Killarney, but Michael and Nora are here. They are inside in the house. 6. Where are the young boy and the young girl? 7. They are out in the garden. 8. Tom left the scythe over there under the hedge. 9. We put the horses into the stable.

Exercise 11

1. Dia 's Muire dhuit, a Thomáis! Conas taoi? 2. Táim go maith, buíochas le Dia! 3. An bhfuil na páistí sa bhaile? 4. Táid go léir istigh sa chistin. 5. An bhfuil Mícheál amuigh sa chlós? 6. Tá, ach tá Seán agus Nóra i gCorcaigh, 7. Tá na garsúin thall ansan sa pháirc. 8. Cá bhfuil an speal? 9. Tá sí anso fén bhfál.

Exercise 12

1. Mary has new shoes. 2. There is a young dog on the road. 3. Tim has an overcoat now. 4. The priest has said (read) Mass. 5. Patrick has written a letter. 6. The child has shut the door. 7. The boys have broken the window. 8. The dog has a little stick. 9. There is a new school on top of the hill. 10. Michael has lost the money.

Exercise 13

1. Tá an litir léite ag Tomás. 2. Tá gúna nua ag Eibhlín.

3. Tá na leabhair cailte ag an bhfear óg. 4. Tá trucail ag an ndoras. 5. Tá an bainne ólta ag an bpáiste. 6. Tá airgead ag an bhfear. 7. Tá an cóta mór cailte ag Tadhg. 8. Tá na buidéil briste ag na garsúnaibh. 9. Tá an tseana-scoil dúnta agus tá scoil nua déanta ar bharr an chnoic. 10. Tá an litir scríte ag Maighréad.

Exercise 14

1. We are drinking water. 2. We were talking to the policeman. 3. Was John here this morning? 4. Yes; and he was looking at the young horse. 5. Were you talking to him? Yes. 6. He will be coming again tomorrow. 7. The men are breaking stones on the road. 8. Where are the other boys? 9. Are they picking the potatoes? 10. They are tired now, and the potatoes are not all picked yet. 11. They will be going home tomorrow, and they will not be coming any more.

Exercise 15

1. Bhíodar ag glanadh na bhfuinneog. 2. Bhíomair ag obair ar na bóithre. 3. An mbeir (mbeidh tú) ag teacht anso arís amáireach? 4. An bhfuilir ag dul abhaile anois? 5. Tá an sagart ag rá an Aifrinn anois. 6. Tá Maighréad agus Eibhlín ag féachaint ar na fearaibh ag buaint an choirce. 7. An mbeid siad ag bearradh na gcapall? 8. Ní bheid, tá sé fuar fós. 9. An rabhdar ag briseadh na gcloch? 10. Ní rabhdar; bhíodar ag tarrac isteach an fhéir. 11. Tá sí ag scuabadh an urláir. 12. Táimid tuirseach, ach nílmíd sásta fós.

Exercise 16

1. Níor chaitheas. Ar chaitheas? Nár chaitheas? 2. Níor fhanamair. Ar fhanamair? Nár fhanamair? 3. Níor ólais. Ar ólais? Nár ólais? 4. Níor dhíoladar. Ar dhíoladar? Nár dhíoladar? 5. Níor fhéach sé. Ar fhéach sé? Nár fhéach sé? 6. Níor bhaineadar. Ar bhaineadar? Nár bhaineadar? 7. Níor iarr sibh. Ar iarr sibh? Nár iarr sibh? 8. Níor thuigis. Ar thuigis? Nár thuigis?

Exercise 17

1. Níor chreid na páistí an scéal. 2. Ar thuigeadar an scéal? Níor thuigeadar. 3. Nár nigh sí na miasa? Do nigh. 4. Níor scríobhas an litir. 5. Ar ólais an bainne? 6. Níor chrúis an bhó. 7. Nár dhíoladar na capaill? 8. Ar dhúnamair na fuinneoga? 9. Níor chaitheadar an t-airgead. 10. Ar fhan sé sa bhaile mhór? 11. Nár fhéachadar ar an bpáipéar? 12. Ar thit an páiste isteach insan uisce? 13. Níor bhaineamair an féar fós.

Exercise 18

(i) 1. We break them. 2. He concealed it. 3. He lets us in. 4. Did he put you out? 5. We lost them. 6. Did he strike you? 7. We did not believe her. 8. She left me there.

(ii) 1. My book is lost, but your book is over there on the stool. 2. I shall be going away tomorrow. 3. Will you be going to Dublin yourself? No. 4. My son is ill and I must stay at home. 5. I did my best, but they did nothing. 6. Your hands are dirty and my hands are dirty also. 7. The girls were tired and even the boys were complaining. 8. Has he not put out the dogs yet? 9. No, but I will put them out now. 10. We ate our meal a while ago, and your share will be cold. 11. My father is in Cork but your father is at home.

Exercise 19

(i) Mo hata-sa; do mhaide-se; a bhróga-san; a bosca-sa; ár leabhair-ne; bhur n-athair-se; a bpáistí-sean. Creidim thú. Ar chreidis í? Do chuir sé iad-san amach agus do lig sé mise isteach. Ar fhágadar ann sibh? Do chailleamair é. Creideann sé sinn.

(ii) 1. Tá mo thigh-se anso, agus tá a thigh-sean thall ansan ar an gcnoc. 2. Dhein seisean a dhícheall, ach níor dheinis-se pioc. 3. Tá a bróga-sa nua agus tá mo bhróga-sa caite. 4. Tá ár leabhair-ne cailte; cá bhfuil bhur leabhair-se? 5. Beimíd-ne ag imeacht amáireach, ach beidh sibh-se ag fanúint anso. 6. D'itheadar-san a ndinnéar ó chianaibh. 7. Ar itheabhair-

se bhur gcuid féin fós? 8. Bead-sa ag dul go Corcaigh agus beidh sise ag fanúint i mBaile Átha Cliath. 9. Do bhuaineamair ár gcuid coirce inné. 10. Ar bhuaineabhair-se bhur gcuid féin fós? 11. Do chreid sise an scéal, ach níor chreideas-sa pioc de.

Exercise 20

1. That is a book. 2. This is a scythe. 3. That is a boat. 4. Is that your coat? 5. No, it is John's coat. 6. Is this your money? Yes. 7. This is an Irish book. 8. I am the teacher and you are the pupils. 9. Are those the Americans? No. 10. They are the Englishmen. 11. That is the captain. 12. Is the big tall man the captain? 13. No, but the small man beside him. 14. This is my mother coming in now, and that is Mary with her. 15. John is strong, but, he is not as strong as James. 16. Is James the doctor? 17. Yes, and he is a good doctor. 18. Where is John? 19. He is out in the garden working. 20. He is a wonderful man for work. 21. He was sick but he is hale and hearty now. 22. Which is that, barley or oats? 23. That is wheat and this is oats, but there is no barley in the field. 24. It was a great pity that we were not there in time.

Exercise 21

1. Tigh ana-mhór is ea é. 2. Is bord é sin agus is cathaoir í seo. 3. Cé acu bád nó long í sin? 4. Bád seoil is ea í. 5. Sin iad mo bhróga-sa. 6. Múinteoir is ea é. 7. An é seo do chuid móna-sa? 8. Ní hé; tá mo chuid-se sa phortach fós. 9. Cé acu cruithneacht nó eorna é sin? 10. Ní cruithneacht ná eorna é, ach coirce. 11. Scian ghlan is ea í seo. 12. An Sasanaigh iad san? 13. 'Sea; is iad na hiascairí iad atá sa tigh ósta. 14. Is iad na Gearmánaigh iad so. 15. Is iad na fir mhóra na Meiriceánaigh. 16. Is éachtach na fir iad na Gearmánaigh chun oibre. 17. Cá bhfuil Síle? 18. Tá sí istigh sa tigh ag ní na mias. 19. Beidh sí ullamh go luath. 20. Garsún mór is ea Séamas, ach níl sé chomh hard le Síle. 21. Is mór an trua go bhfuil sí chomh hard. 22. Múinteoir is ea Seán agus is é Séamas an dochtúir. 23. An múinteoir maith

é Seán? 'Sea. 24. Nach é an fear ard úd (san) thall captaen an bháid? 25. Ní hé; is é an fear beag dubh lena ais an captaen. 26. An cluiche maith é seo? Ní hea.

Exercise 22

A. We used to run. I shall drink. They will write. He used to stay. We shall sell. You used to look. I will put them out. They used to leave the children at home.

B. 1. The big man was talking to a small boy. 2. When will they put out the young horses? 3. Those big books are very heavy. 4. We shall stay in Cork to-night. 5. John used to live in Dublin but he is not there now. 6. I will sell the black cow tomorrow. 7. The heavy stones are on the road-side. 8. Michael was sitting on the stool when I came in. 9. He was silent and I was talking. 10. He is standing at the door now. 11. He used to leave the red cow's milk in the white pail. 12. They used to be there every morning, and they used to clean the house. 13. We shall let out the cows in the evening. 14. They will reap the oats when it is ripe. 15. When it has been drawn in, they will thresh it with flails. 16. They will then winnow it and put the grain into sacks. 17. The garden looks lovely. 18. It is nice in summer. 19. It was not nice when I came here, but we were not long making it tidy.

Exercise 23

A. 1. Rithfead. 2. Ólfaid siad. 3. Do scríobhthá. 4. Fanfaid siad. 5. Do dhíolaidís. 6. Féachfaidh sé. 7. Buailfidimid iad. 8. Cuirfid siad amach é. 9. Do léimís na leabhair sin. 10. Fágfaid siad an t-airgead sa bhosca.

B. 1. Díolfaidh m'athair an tigh mór. 2. Níl sé ina chónaí ann anois. 3. Do bhuaileadh na fir an coirce le súistíbh agus chuiridís an gráinne isteach i málaíbh. 4. Do bhí an cailín beag ina seasamh sa pháirc nuair a chonac í. 5. Thánag isteach nuair a bhís-se ag dul amach. 6. Scaoilfidh na garsúin bheaga na gadhair amach. 7. An rabhais id dhúiseacht nuair a bhíodar ag teacht isteach? 8. Díolfaidh Máire an t-im sa

tsráidbhaile. 9. Is go Tráigh Lí a chuireadh sí é fadó. 10. Cathain a ghlanfaidh Mícheál an gairdín? 11. Bhí mo dheartháir ina chodladh nuair a thánag isteach. 12. Fágfad an eochair fén gcloich mhóir. 13. Bhíomair-ne inár seasamh ag an bhfuinneog agus bhíodar san ina suí ar an urlár. 14. Do bhíos-sa ag caint ach d'fhari sise ina tost. 15. Do labhradh sé go tapaidh ach do labhradh sé go maith. 16. Do bhíodh na beithígh bhochta i gcónaí amuigh fén mbáistigh istoíche. 17. Do bhí an lá inné go breá. 18. Do bhí an ghaoth ag séideadh go láidir, ach ní raibh an aimsir go holc.

Exercise 24

A. One horse. Two eyes. Three years. Four pounds. Five books. Six houses. Seven cows. Eight horses. Nine boats. Ten dogs. Seven shillings and tenpence.

B. 1. He was poor, but he is a rich man now. 2. He probably has thousands of pounds. 3. He will be a doctor in a year's time, 4. She was a good girl today, but she is not always like that. 5. We were sitting on the fence when the tree fell. 6. It was a big tall tree. 7. We shall have it as fuel. 8. Wood is good fuel. 9. When we were children we lived in the country. 10. James is a solicitor and Thomas is a doctor. 11. He is a very good doctor.

Exercise 25

A. 1. Aon chat amháin agus dhá ghadhar. 2. Trí maidí agus cheithre liathróidí. 3. Cúig punt, sé scillinge agus seacht bpingine. 4. Ocht ngadhair, naoi gcapaill agus deich mba.

B. 1. Bhí Tomás deich mbliana ina atúrnae ach tá sé ina ghiúistís anois. 2. Tá sé ina fhear shaibhir. 3. Is dócha go bhfuil dhá mhíle punt sa bhliain aige. 4. Beidh a mhac ina fheirmeoir, mar tá talamh acu i gcontae na Midhe. 5. Nuair a bhíodar ina ngarsúnaibh do bhíodar ina gcónaí ar an dtuaithe. 6. Théadh Mícheál ar scoil sa Daingean nuair a bhí sé ina gharsún bheag. 7. Nuair a bhíos im pháiste do bhíos im

chónaí sa chathair. 8. Do thémís go dtí an tráigh gach Domhnach. 9. Tá an máistir ina mhúinteoir mhaith. 10. Beidh na garsúin ina scoláirí maithe. 11. Bhí an lá inné ina lá ana-fhliuch. 12. Bhí sé fuar ar maidin, ach tá sé go breá brothallach anois.

Exercise 26

A. They will begin. I would refuse. We shall tell. They would buy. You will finish. They began. We rise. He would refuse. They turned. He bought.

B. 1. I shall finish the work tomorrow. 2. She asked her father what was going on (happening). 3. Thomas has not got up yet, but he will get up soon. 4. They go off home after school. 5. My mother buys butter once a week. 6. When I am talking to Tim I will offer him ten pounds for the calf. 7. I will take that knife from the child or he will hurt himself. 8. Sing a song, Tom, and then we shall go home. 9. The fishermen began fishing early this morning. 10. We will begin tomorrow, with the help of God. 11. We collected the money before the people left. 12. There is a fair in the town once a month and a market once a week. 13. Years ago people used to spend winter evenings telling stories, but they gave up that custom. 14. I shall open the window and this smoke will go away. 15. They inquired when the music would begin. 16. It will begin when we are ready.

Exercise 27

A. 1. Tosnaímíd. 2. Críochnóid siad. 3. Níor dhiúltaigh sé. 4. Ar insis? 5. Do cheannaíodar. 6. Do cheannóimís. 7. An n-iompóidís? 8. Ar thosnaíodar? 9. Ní neosadh sé. 10. Gortóidh tú.

B. 1. Ceannód na leabhair amáireach. 2. Éireoimíd go moch agus críochnóimíd an obair. 3. Fiafród dem mháthair cé bheidh ag teacht. 4. D'iompaíodar an féar inné agus iompóid siad arís inniu é. 5. Tosnóidh an ceol nuair a bheidh na ceoltóirí ullamh. 6. Baileoimíd an t-airgead sara ligfimíd

na daoine isteach. 7. D'oscail sé an leabhar agus thosnaigh sé ag léamh. 8. Nuair a bhíonn na hoícheanta fada imreann na daoine cártaí. 9. Ní imreoid siad aon chártaí anocht.

Exercise 28

	<i>Masculine</i>		<i>Feminine</i>
amhrán	boiscín	bó	dilseacht
tarbh	sicín	gairbhe	deirge
gairdín	feirmeoir	cumhracht	fuinseog
ceannaí	robálaí	ciaróg	fearúlacht
		cráin	an Spáinn
		Bóinn	giúis
		dair	piaseog
		ordóg	Sionainn

Exercise 29

A. 1. My two feet. 2. Her two eyes. 3. Your two hands. 4. His two ears. 5. That poor man has only one eye, God bless the mark! 6. John stayed (kneeling) on one knee for half an hour. 7. The old man turned his head to listen. 8. One shaft of that cart is broken. 9. His mother called John aside.

B. 1. There are big houses in the town. 2. The bank is between the post-office and the chapel. 3. The boys went down the street after the girls and stood at the door of the hall. 4. The hall has high windows and two big doors. 5. The dance was in progress when they arrived, and they bought tickets from the door-man. 6. No one was allowed in without a ticket. 7. I saw them going home a while ago. 8. I ran out of the room and hastened out on to the street. 9. I walked through the town and round the lake east¹ to the bridge. 10. My dog was with me. 11. I stood at the bridge and watched the fish down below me in the water. 12. I did not cross the river at all. 13. I turned back after a while. 14. When I was walking home across the fields, a rabbit jumped out of a hole, and the dog went after it but he did not overtake it.

¹ In Irish the direction is usually stated (as north, south, east or west).

Exercise 30

A. 1. A dhá chois. 2. Mo dhá shúil. 3. A dhá bróig. 4. Tá an seana-shaighdiúir ar leath-láimh. 5. Is fearr bheith ar leath-shúil ná bheith dall ar fad. 6. Leath-chúpla is ea an cailín sin.

B. 1. Amach liom as an dtigh. 2. Bhí sé dorcha amuigh, mar bhí na tráthnóintí ag dul i ngiorracht. 3. Do shiúlaíomair trasna na bpáirceanna agus anonn thar an ndroichead. 4. Do bhí seandúine ina shuí i n-aice an droichid. 5. Do rith an gadhar mórthimpeall na páirce i ndiaidh na gcoiníhí. 6. Ansan do shiúlaíos tríd an mbaile mór go dtí oifig an phoist, agus thánag abhaile gan mhoill. 7. Do bhuail do dheartháir umam sa tsráid. 8. D'imigh na cailíní go dtí an séipéal ó chianaibh. 9. Tá cuid den airgead cailte. 10. Do thóg sé den bhord é, agus chuir sé isteach i mbosca é a bhí fén ndriosúr.

Exercise 31

A. 1. Take¹ this sack from me and put it up on the loft. 2. They are lonely since Mary left them. 3. The policeman asked us what we wanted. 4. I shall wait for you if you like. 5. John showed me the new bicycle he has. 6. We went to Killarney yesterday, and we did not come home till this morning. 7. I shall ask him what he is doing. 8. Martin is a great rogue. 9. He is only a trickster, and he thinks too much of himself. 10. I will tell you something about him. 11. He asked us to come here today, but he did not wait for us. 12. He went out fishing early in the morning and he has not come back yet.

B. 1. Those flowers are withered. 2. I shall put them in the fire. 3. Do you like the smell of turf? 4. Yes, but wood is better as fuel. 5. They were exhausted after the race, and they went to bed. 6. She will come home at the end of the

¹ Contrast the use of *bainim* for taking by force (p.37), a distinction not made in English.

year. 7. He jumped the fence and fell on the flat of his back. 8. Was he hurt? 9. He was not in much pain, but he was ashamed. 10. Give me the boy's bicycle and I will go to Dingle. 11. The dogs have the bones. 12. Cobblers and tailors are good at telling stories.

Exercise 32

A. 1. Tháinig Diarmaid isteach ar maidin inniu. 2. D'fhiafraíos de cad a bhí uaidh, ach níor inis sé dhom. 3. Chuaigh sé go Magh Chromtha tar éis dinnéir agus ní fhillfidh sé go dtí amáireach. 4. Níl a fhios agam cad tá sé a dhéanamh ann. 5. Chuaigh na buachaillí amach ag iascaireacht agus tháinig an bháisteach orthu. 6. Nuair a thánadar abhaile bhaineadar díobh na héadaí fliucha agus chuadar sa leabaidh. 7. Ní raibh Séamas i n-éineacht leo, mar bhí sé ag baint fhéir. 8. Beidh an féar go maith acu i mbliana. 9. Neosaidh sé deireadh an scéil duit nuair a raghair go dtí an tigh. 10. D'iarramair orthu dul go dtí an Daingean leis an im. 11. Níor fhéadadar é do dhíol anso sa tsráidbhaile. 12. Is deacair airgead do dhéanamh na laetheanta so.

B. 1. Do cheannaíomair ualach móna ó fhear an bháid. 2. Taitneann boladh na móna liom. 3. Is maith í an mhóin mar abhar tine. 4. Is fearr linn-ne an t-adhmad. 5. Cad a chosnaíonn punt caoireola? 6. Tá sí ana-dhaor anois; tá sí chomh daor le mairteoil. 7. Mac feirmeora is ea an buachaill sin agus is mian leis bheith ina mhúinteoir. 8. Tá sé go maith chun foghlama. 9. Raghaidh na saighdiúirí go Cill Dara Domhnach Cásca agus tiocfaid siad thar n-ais i ndeireadh na bliana. 10. Tá mórán dathanna ar an gcrios atá sí a dhéanamh. 11. An é sin tigh an tsiúinéara thall ansan i n-aice an tséipéil? 12. Ní hé; sin é tigh an dochtúra óig. 13. Do bhíos ag caint le mac an táilliúra agus deir sé go mbeidh a athair ag fanúint i gCill Airne do dtí deireadh na seachtaine. 14. Raghaimid go tigh Thomáis gcóir suipéir agus tiocfaimid thar n-ais roimh thitim na hoíche, agus tiocfaidh Tomás i n-éineacht linn.

Exercise 33

1. I got a letter from my mother this morning. 2. She has asked me to come home in a week. 3. I shall go by train from Macroom on Friday. 4. Are you going to leave me here? 5. No. You may come with me. 6. You will probably get a letter tomorrow. 7. Did you hear the story about the three people who went fishing yesterday? 8. Their canoe turned over and they swam ashore. 9. Do you know them? 10. I know one of them well, and I told him not to go out at all. 11. What is going on out on the road? 12. Do you not hear the noise? No. 13. The boys are east under the cliff throwing stones into the sea. 14. They will get sense with age (when they are older). 15. Can he be here in an hour? 16. Have you had any news from Martin since he went away? 17. No. Perhaps I shall get a letter from him before long. 18. We have heard nothing about him except that he is lodging with his brother. 19. That is good news, little as it is. 20. The longer he stays in the Gaeltacht, the better he will learn Irish. 21. Good as the turf is, coal is better. 22. They were all dancing, both boys and girls. 23. They broke my window before they left. 24. Do you know where they went? No.

Exercise 34

1. Tá inní orthu, mar fuaireadar drochscéal óna n-inín inniu. 2. Tá sí breoite agus ní fhéadfaidh sí teacht abhaile go dtí deireadh an mhí. 3. An bhfuil a fhios agat cad a bhí uirthi? Níl a fhios. 4. B'fhéidir go bhfaighimís litir amáireach uaithi. 5. Ní bhfuaireas aon scéal óm mhuintir le seachtain. 6. Dá luaithe a scríobhfaidh tú chútha is ea is fearr. 7. Gheobhaidh tú freagra, is dócha. 8. Táid siad go léir imithe, idir fhir agus mná. 9. D'iarr m'athair orm dul go dtí an siopa agus tobac d'fháil dó. 10. Fuaireas coróin uaidh. 11. Chuas síos go dtí an siopa. 12. Nuair a chuas isteach, dúirt an cailín liom: "Cad tá uait? 13. Ní bhfaighir aon tobac uaim-se, mar níl ionat ach leanbh. 14. Abair le t'athair teacht." 15. Do ghéir m'athair nuair a chuala sé an scéal.

16. Cé hé an fear san atá ina sheasamh os comhair na tine? 17. Níl aon aithne agam air. 18. Is é an máistir scoile é. 19. Nílid tagtha abhaile fós. 20. Beidh tuirse agus ocras orthu tar éis na hoibre. 21. Codlóid siad go maith anocht.

Exercise 35

A. 1. He came to us. 2. We went to him. 3. I shall put a topcoat under you on the grass. 4. Did she go away from you? 5. They will take off their wet shoes when they come in. 6. Keep away from them now! 7. She is tired after the work. She is only a child. 8. I saw him ahead of me on the road. 9. He made me laugh. 10. We shall use that wood for firing. 11. He went past us but he did not see us. 12. We shall put a little (lit. "a drop of") milk in the cup and we shall add water to it. 13. There will not be a drink for everyone. 14. The men have been saving hay since morning, and they are thirsty and hungry now. 15. Give them that butter-milk to drink and it will take their thirst away.

B. 1. That is our neighbour's land. 2. The blacksmith went into the forge. 3. There is a broken leg on that chair: I shall have to put a new one on it. 4. Are all the chairs here? Yes. 5. I have not seen my brothers yet today. 6. Have you seen them anywhere? 7. Tell them that I went to count the sheep. 8. I will. 9. A friend's advice is a great help. 10. The friends are gone away and the neighbours' houses are lonely. 11. I see the big hills but I do not see any houses on them. 12. I used to see your father often when he used to come here. 13. You will see him again this year, for he is coming at the end of the month. 14. Shall I see your mother too, or will she stay at home? 15. I shall tell her to come if she possibly can.

Exercise 36

A. 1. Raghad chútha. 2. Bhaineadar díobh a gcasóga. 3. Bainfead gáire asat. 4. D'imigh sí uathu. 5. An bhfuil aon obair le déanamh acu? 6. Tá an suipéar ite againn cheana

féin. 7. Chuir sí plaincéad fúinn. 8. Cad tá oraibh? 9. Bhíos aim roimpi.

B. 1. Raghaidh mo chairde abhaile amáireach. 2. Tá an gabha sa cheártain. 3. Tá na caoirigh ag inníor sa pháirc i n-aipe an tí. 4. Do théimís go tigh comharsan gach tráth-nóna. 5. Tiocfaidh na comharsain go dtí ár dtigh-ne amáireach. 6. Chífead Mícheál ar maidin, agus neosaidh sé dhóibh é. 7. An bhfuil cathaoireacha againn i gcóir gach aon duine? 8. Tá drom na cathaoireach san briste. 9. Ní fheicim na cathaoireacha eile. 10. An bhfacaís i n-aon áit iad? 11. Ní fhaca. 12. Ar tháinig bean do charad fós? 13. Do tháinig. Tá sí ina seasamh amuigh i n-aipe an dorais. 14. An ndéarfad léi teacht isteach? 15. Abair. 16. Do chinn go minic í sarar phós sí, nuair a bhíomair ag foghlaim na teangan.

Exercise 37

A. 1. If you sow the seed, we shall reap the harvest. 2. Come early if you can! 3. If you give them enough to eat, they will be satisfied. 4. If they do their best, they will succeed; and if they don't they won't. 5. If he does not like to go with the others, he can go there alone. 6. If in fact he saw the accident, it is he who knows best what happened. 7. If we had (had) an opportunity, we should do (or "have done") the work in time. 8. If you (had) understood him correctly, you would take (have taken) his advice. 9. If yesterday had been fine, we should have been out in the garden. 10. If tomorrow is wet, we shall stay at home. 11. If in fact the land were for sale, I should buy it. 12. If I were not (had not been) there, I could not welcome (have welcomed) him. 13. If I had not been there early, I should not have seen him at all. 14. How could a person understand Irish unless he learned it?

B. 1. We shall probably have frost tonight. 2. Why has John gone to town? 3. He thought that perhaps Kathleen would be coming home. 4. We thought she would not come

for a fortnight. 5. I thought she would be here by evening. 6. Perhaps she will come yet. 7. Why did she not stay at home? 8. Her mother says it is hard to satisfy her. 9. She was afraid that Mary would be lonely. 10. How does she know that Mary will be there to meet her? 11. She wrote to her and said she would be expecting her. 12. She will wait until Kathleen is with her. 13. Kathleen ought to be delighted. 14. I was not long there when I became lonely. 15. I failed to do the work although I did my best. 16. I went up to him in order to speak to him. 17. It was as well for him to finish the work, since he began it at all. 18. I did not go there as I had business at home. 19. It was so dark that we thought night had come. 20. The wise man is silent when he has nothing to say.

Exercise 38

A. 1. Má thagann tú go luath amáireach tabharfad duit an t-airgead. 2. Thabharfainn duit inné é dá dtaghá i n-am. 3. Tair más féidir leat é, agus maran féidir, raghad-sa chút. 4. Má labhrann sé go mall, b'fhéidir go dtuigfimis é. 5. Más mian leo teacht, beidh fáilte rompu, ach ní iarrfad-sa orthu teacht. 6. Cad 'na thaobh go n-íosfaidís feoil más fearr leo iasc? 7. Dá ndéarfaimís é sin chuirfeadh sé ana-fhearg orthu. 8. Más rud é go ndúradar é sin ní raibh an ceart acu. 9. Mara mbeadh go bhfaca ann é, ní chreidfinn go raibh sé i mBaile Átha Cliath. 10. Conas a chloisfidís an scéal mara mbeadh gur innis duine éigin dóibh é?

B. 1. Cad 'na thaobh go bhfuil Máirtín ag dul go Corcaigh? 2. Is dóigh leis go mbeidh an bád ag dul ó dheas seachtain ón lá inniu. 3. Deir sé gur mian leis dul i n-éineacht lena dheartháir. 4. Tá a fhios agam gur mhaith leis dul ann, ach caithfidh sé fanúint go dtí amanathar. 5. Is eagal leo go gcreidfidh daoine an rud a deir sé. 6. Abair leis go bhfanfaimíd go dtí go mbeidh sé ullamh. 7. Cad 'na thaobh nár chuais ar scoil inné? 8. Deir an máistir ná rabhais ann. 9. Ba chóir go mbeadh náire ort! 10. Nuair a chonaic sé na fir ag teacht, d'éirigh sé chun fáilte

a chur rompu. 11. Do thugamair béile dhóibh sarar imíodar. 12. Níor fhanadar i bhfad mar bhí tuirse orthu. 13. Bhí an oíche chomh dorcha gur chuamair amú. 14. Níor cheannaíomair aon ní toisc ná raibh aon airgead againn. 15. Cé go bhfuil misneach agat ní puinn céille agat. 16. Bíonn na páistí ag gearán nuair ná bíonn aon ní le déanamh acu.

Exercise 39

1. What would you like for dinner? 2. Do you like fish? 3. No; I prefer eggs with potatoes. 4. Is the butter on the table? 5. I am afraid it isn't. 6. I forgot to buy it when I was in the shop. 7. I am sorry I did not remind you of it, but I did not see you before you went off. 8. Would you mind closing the window? 9. No, but I can't. 10. We may as well do a bit of work. 11. Do you think it will be cold this evening? 12. Shall we need a fire? 13. No. I don't mind the cold. 14. Do you know this place well? 15. Indeed I do, but I do not know where the hospital is. 16. I can ask someone. 17. I used to know a doctor there, but he died last year. 18. Everyone liked him and he well deserved it. 19. He used to do his best for anyone who was sick, and no one grudged him the money he asked.

Exercise 40

1. Ba mhaith liom litir a scríobh, ach ní féidir liom peann d'fháil. 2. Cheannaigh m'athair ceann dom ach tá sé cailte agam. 3. Níor mhiste dhuit ceann eile a cheannach. 4. Is leor aon cheann amháin dom. 5. Is fada liom fanúint go dtí go bhfaighead arís é. 6. Dob' ionadh leo go rabhamair chomh tuirseach. 7. Cé acu is fearr leat, té nó bainne? 8. Is cuma liom. 9. Bainfidh aon tsaghas dí an tart díom. 10. Gheobhaimíd go léir bás, ach níl a fhios againn cathain ná canad. 11. Is maith leis an ndochtúir a dhícheall a dhéanamh dúinn go léir. 12. Ní miste leis fanúint leat. 13. Is trua linn moill a chur air. 14. Ar mhiste leat an doras a dhúnadh? 15. Níor mhiste, ach ní dóigh liom go bhfuil sé ar oscailt.

16. An maith le Micheál iasc i gcóir suipéir? 17. Níl a fhios agam. Is fearr liom-sa uibhe.

18. An bhfuil a fhios agat cá bhfuil an stáisiún? 19. Níl a fhios, ach féadfaidh mé a fhiafraí den gharda. 20. Tá eolas an bhaile go maith aige.

Exercise 41.

1. When he went out this morning, he forgot to shut the door.
2. I did not recognise the master when I saw him at the station.
3. You did not see him at all.
4. I asked him a question and he was not able to answer it.
5. What did you ask him?
6. I had questions to put to him about the schools.
7. People say that the classes are too big, and that we shall have to bring in more teachers to do the work.
8. How many schools are there?
9. There are two, one for the boys and one for the girls.
10. It is difficult to find teachers these days.
11. I have friends who would like to be teachers.
12. For God's sake ask them to write to me, for I shall have jobs for them!
13. A woman's advice is bad advice.
14. We had cows and sheep to sell last week, and my wife was not willing to let them go without getting a good price.
15. Women hear too many stories and too many opinions.
16. There are fine forests on the mountains.
17. Some of the trees fell during the storm.
18. The roots are up out of the ground, and branches broken on trees all around them.
19. We saw them as we were coming from the town.
20. Fishing-boats come into the harbours of West Cork with mackerel in summer and with herrings in autumn.
21. Their sails are set to go out again after spending a day in Glandore or Baltimore, and the nets ready.

Exercise 42

1. Chuamair amach ó Chuan Dor inné i mbád iascaigh.
2. Bhí trí seolta uirthi agus do bhí cóir againn.
3. Bhí sí taobh theas d'Oileán Cléire fé cheann dhá uair an chloig.
4. Chuir na hiascairí amach na líonta, agus d'itheamair an suipéar ansan.
5. Do chodlaíomair go léir go maidin, agus le héiri gréine do thairicíodar isteach na líonta.
6. Do bhí

sé bhairille de scadánaibh againn le tabhairt abhaile.

7. Tá trí scoil sa pharóiste seo agus tá sé rang i ngach scoil acu. 8. Cé hiad na múinteoirí atá sa scoil nua? 9. Is é Mícheál Ó Súilleabháin an t-ard-mháistir, agus tá Séamas Ó Séaghdha mar chúntóir aige. 10. Ar thugais fé ndeara na crainn mhóra le hais an bhóthair agus tú ag teacht ón Aifreann? 11. Do thit dhá cheann acu aréir, agus tá craobhacha briste ar na cinn eile. 12. Beidh abhar tine againn i gcóir an gheimhridh gan aon ghual a cheannach. 13. Tá scéalta ag gach aon duine i dtaobh na stoirme. 14. Tá baid gan seolta ins na cuantaibh. 15. Gheobhaimid cúnamh ós na comharsain chun na gcaorach a thabhairt isteach. 16. Bhí na ba istigh sarar éirigh an ghaoth. 17. Cá bhfuil cró na mbó? 18. Tá sé ar an dtaobh thall de chruaich na móna.

Exercise 43

A. 1. The door is shut every evening. 2. They used to be beaten (struck). 3. People will go. 4. The money would be found (got). 5. The eggs were broken. 6. Bread is made of flour. 7. The oats is threshed with a flail. 8. The cows were milked. 9. The people were seen. 10. They used to be let loose.

B. 1. The cows were put out, and the horses were brought in from the field. 2. When will the pigs be sent to the fair? 3. People used to go to Mass at Kilmovee long ago, but we have a chapel in this village now. 4. The like of it never was seen. 5. They were told to go to talk to the stranger. 6. Why was I not told that you were here? 7. If the truth were concealed, perhaps a lie would be told. 8. He stayed at home for fear people would be making fun of him. 9. The children were told not to go near the river. 10. They were asked to come home to their dinner. 11. Even after I have done my best, people are not grateful to me. 12. It is a proverb: "He who is up, his health is drunk, and he who is down is trampled under foot". 13. The proverb cannot be gainsaid.

Exercise 44

A. 1. Do díoladh é, 2. Do ceannaíodh iad. 3. Do marófaí sinn. 4. Ní fhacthas í. 5. Do cailleadh an t-airgead. 6. Gheofar na leabhair. 7. Do thánathas. 8. Do scaoileadh amach na gadhair.

B. 1. Deintear bróga de leathar. 2. Deintí d'adhmaid iad fadó. 3. Téitear go dtí an tábhairne uaireanta tar éis an aonaigh. 4. Ní fhacthas na fir sin riamh roimhc sin. 5. Dúradh linn teacht anso tar éis dinnéir. 6. Cathain a díolfar na beithígh sin? 7. Má dheineann tú é sin, déarfur gur le héad a dheinis é. 8. Cad 'na thaobh go mbítear ag gearán i gcónaí? 9. Dá neosfaí an scéal mar ba cheart ní bheadh aon díobháil ann. 10. Ní feicfead a leithéid go brách arís. 11. Deirtear nach ualach do dhuine an léann. 12. Cathain a dúradh é sin leat? 13. Seanfhocal is ea é a cloistear go minic sa Ghaeltacht.

Exercise 45

1. Chífid siad. 2. Do chonaiceabhair (chonaic sibh). 3. Do chífinn. 4. Raghaimid. 5. Do thánadar. 6. An raghfá? 7. An ndúirt sé? 8. Tiocfaimid. 9. Ní fheicfidís. 10. Déarfá. 11. Dúradar. 12. Cloisfidh mé. 13. Ar chualabhair? 14. Ní fheicim. 15. Gheibhimid (Faighimid). 16. Fuaireamair. 17. An bhfaigheann tú? 18. Gheobhad. 19. Ní bhfaighead. 20. Dúradar ná faighfeá é, ach cloisim-se go bhfaighir.

Exercise 46

1. We asked her to wait for us. 2. You told me not to come. 3. It is hard to believe that. 4. The buyer wanted to buy the horse from me. 5. They came here to collect money. 6. It is a great pity that the day is so wet. 7. Is it not a great wonder that they have not come? 8. It would be better for the children to keep away from the bull. 9. They went to Cork to spend the holiday there. 10. The old man is sitting by the fire. 11. We shall ask him to tell a story. 12. We shall come back some other night to hear the end of the story. 13. My mother will be asleep when we reach home. 14. We forgot to bring the money with us.

Exercise 47

1. Beid siad ag dul go Cill Airne amáireach. 2. D'iarras orthu siúcra agus plúr do cheannach dom. 3. Beimíd ag fanúint leo ag an stáisiún. 4. Duart leo gan glaoch chun mo dhearthár, mar tá sé as baile. 5. Nuair a bheir ag teacht thar n-ais, ná dearmhad Peadar agus Síle do thabhairt leat. 6. Tá an ceannaí tagtha chun féachaint ar an gcapall. 7. Nach trua gan m'athair do bheith anso roimhe? 8. Níor mhaith liom an capall do dhíol gan é do bheith ann. 9. Déarfad leis an gceannaí teacht lá éigin eile. 10. B'fhéidir go bhfuil gnó aige le déanamh i n-áit éigin eile. 11. D'iarramair ar an seandúine scéal d'insint dúinn, ach bhí sé an-fhada agus níor fhanamair chun a dheireadh do chloisint. 12. Bhí muintir an tí ina gcodladh nuair a shroiseamair an baile.

Exercise 48

1. Where did they hear those fine songs? 2. There were young girls and old women working together. 3. I saw the small cups that you bought yesterday, and they are certainly pretty cups. 4. Where are those sweet cakes that you brought from the shop? 5. I put them into those white boxes over there. 6. There are two black horses down on the road, (and they are) nearly dead with hunger. 7. There were always generous men in this district, but it is hard for them to be generous without money. 8. Those heavy chairs are too big for this room of mine. 9. Those songs are very sweet, but the old songs are finer than they. 10. William is more like his father than Thomas. 11. That board is too wide, and the other is wider still. 12. Do you see that bald man and the young red-haired man beside him? 13. Those are my father and my nephew. 14. Distant hills are green. 15. The sun is brighter than the moon. 16. That table is big and wide, but the low one is cheaper than it. 17. Which of them do you prefer? 18. The dearer one is the more lasting. 19. My father is younger than your father, but Dermot is the strongest man of them all. 20. Coal is heavier than turf. 21. Last night was darker than

tonight. 22. The lane is narrower and rougher than the main road. 23. It was cold this morning, but it is still colder now. 24. The heaviest hammer is the best hammer. 25. Give me the lowest stool, and I shall put my back against the wall.

26. I borrowed that book (got that book on loan) from Tom's sister. 27. I shall give it to you tomorrow. 28. The cow calved last night, and I thought she would not calve for another week. 29. They will not give you enough to eat in town. 30. I shall eat enough, or as much as I can anyway. 31. They do not eat as much there as we eat here. 32. I shall give them their choice, to go away or to stay at home.

Exercise 49

A. 1. Beirimíd. 2. Do rugadar. 3. Do thugais. 4. Ní thabharfaid siad. 5. Déanfaidh sé. 6. Íosfaid siad. 7. Íosfar iad. 8. Tugadh anso é. 9. Ní déanfar é.

B. 1. Cár cheannaís na cupáin mhóra san? 2. Cheannaíos na cinn mhóra sa tsráidbhaile, ach is i gCorcaigh a fuaireas na cinn bheaga uaine. 3. Do bhí na garsúin mhóra agus na fir láidre ag obair i dteannta a chéile ag buaint an arbhair. 4. Cathain a hosclófar na scoileanna nua? An tseachtain seo chúinn. 5. Beidh múinteoirí maithe agus scoileanna breátha againn ansan. 6. Tá an chathaoir sin ana-chompordach, ach tá an ceann eile níos daingne. 7. Tá sí ró-mhór; is fearr liom an ceann dearg. 8. Is éadroime an t-adhmad ná an t-uisce. 9. Is sine sinn-ne ná iad-san. 10. Is é seo an bóthar is sia. 11. Is é an fear is sine sa tsráidbhaile é. 12. Thugamair an chuid ba thrioma den mhóin dosna daoine ba shine. 13. Is daoire an chruithneacht ná an eorna. 14. An bhfuil an mála so níos troime ná an ceann eile? 15. Thugadar na málaí dubha so ó Chorcaigh inné. 16. Nuair a bheidh an citeal ar fiuchadh agat, íosfaimíd ár suipéar. 17. Cé acu is fearr leat, iasc úr nó iasc goirt? 18. Is é an t-iasc goirt mo rogha-sa. 19. Tabharfaidh sé an t-airgead dóibh nuair a thiocfaid siad isteach. 20. Déanfaimíd ár ndícheall chun é a shásamh. 21. Fuaireadar an dá chasúr bheaga ar iasacht ó Sheán, ach níor dheineadar aon

obair fós leo. 22. Déanfaid siad na cístí milse amáireach agus tabharfaid siad dosna páisti beaga iad.

Exercise 50

1. Is mó Baile Átha Cliath ná Corcaigh
Tá Baile Átha Cliath níos mó ná Corcaigh.
2. Is lú an domhan ná an ghrian
Tá an domhan níos lú ná an ghrian.
3. Is sia (faide) an tSionainn ná an Bhóinn
Tá an tSionainn níos sia (faide) ná an Bhóinn.
4. Is crua an t-iarann ná an t-ór
Tá an t-iarann níos crua ná an t-ór.
5. Is troime an t-uisce ná an t-aer
Tá an t-uisce níos troime ná an t-aer.
6. Is treise an tarbh ná an fear
Tá an tarbh níos treise ná an fear.
7. Is cliste an cailín (garsún) ná an garsún (cailín)
Tá an cailín (garsún) níos cliste ná an garsún (cailín).
8. Is doimhne an fharraige ná an loch
Tá an fharraige níos doimhne ná an loch.

Exercise 51

1. Are these apples dearer than those? 2. Those are the dearest. 3. Mary is the prettiest girl in the village. 4. Which of them is the cleverest boy? 5. Peter is the cleverest of them, but Joseph is almost as clever as he. 6. There is a higher tree than that in our garden. 7. The driver must be more careful at night than he would be by day. 8. I am always careful. 9. I am going fast now, but I have a good view of the road. 10. We went into the house to dinner and stayed inside for half an hour. 11. We came out then and stayed outside

till evening. 12. She will go upstairs to clean the rooms, and she will be a while above. 13. She will come down then and stay below. 14. Run east to the well and bring back a bucket of water. 15. When I was going west along the road, the priest was coming towards me.

Exercise 52

1. Tá siúcra níos saoire anois ná mar a bhí sí anuraidh. 2. An bhfuil Tomás níos aoirde ná Máire? 3. Is é Micheál an té is aoirde acu. 4. Déanfaidh Seán an obair go maith, ach is fearr a dhéanfaidh Micheál é. 5. Deineann Maighréad a cuid ceachtanna níos cúramaí ná mar a dheineann a deirfiúr iad. 6. An bhfuilir-se chomh leisciúil led' dheartháir? 7. Ní fhéachann an garsún so chomh láidir lena charaid. 8. Is é Séamas an té is láidre (treise) dhíobh go léir. 9. D'fhreagraíos chomh maith is d'fhéadas. 10. An bhfuil an scian san níos géire ná an ceann so? 11. Is teo an sáile ná an fíor-uisce. 12. Is giorra an bóthar soir ná an bóthar siar. 13. Is trioma an t-ardán ná an t-ísleán. 14. Nuair a bhíomair ag dul i n-airde an staighre, do bhí Séamas ag teacht anuas.

Exercise 53

1. Those two houses up on the hill belong to the O'Briens. 2. Is the land in front of the houses theirs? 3. No; they have rented it from another farmer. 4. The horse I had yesterday belongs to John MacDermot. 5. Martin O'Brien has him today, for he has no horse of his own. 6. He used to have a horse, however. 7. Who owns that sail-boat? 8. It belongs to my brother, and he has had it only a year. 9. He will probably sell it next year, if he finds someone to buy it from him. 10. How much money did he pay for it? 11. He paid thirty pounds for it, and it was not worth that much. 12. It was mine years ago, but I have no boat now. 13. Have they paid for the turf yet? 14. No, because it is wet and they are not satisfied with it. 15. We saw Kathleen O'Dwyer and Brigid MacDermot going into O'Sullivan's house a while ago. 16. Where is Thomas O'Donoghue's threshing-machine

working? 17. I have not seen it since morning. 18. I saw it last night on Conor Hayes's farm.

Exercise 54

1. Is linn-ne an pháirc atá ar aghaidh an tí, ach is le feirmeoir eile an talamh atá ar chúl an tí. 2. Ní liom-sa é; is ar cíos atá sé agam uaidh. 3. Cé leis na beithígh atá sa pháirc mhóir? 4. Níl a fhios agam. 5. Tá cúpla bullán againn sa bhuaile, ach ní linn-ne na beithígh eile sin. 6. Ar dhíol Séamas Ó Súilleabháin as an dtigh nua fós? 7. Do dhíol, ach níor dhíol sé fós as an dtalamh. 8. An mór an t-airgead atá agat air? 9. Cúig céad punt. 10. Níl an méid sin airgid aige. 11. Caithfidh sé é fháil ar iasacht. 12. Tá sé le fáil sa bhanc ar a sé sa chéad. 13. Cá bhfuil tigh Dhomhnaill Uí Chonaill? 14. Tá sé i gContae Chiarraí, siar ó Chill Airne. 15. Chonaiceadar Seán Mac Carthaigh ag teacht amach as tigh mhuintir Cheallaigh ar maidin.

Exercise 55

1. I bought those cattle for twenty-three pounds each. 2. How many pens are there in that box? 3. There are fifteen in it. 4. I gave the third part of the money to my father. 5. How much did you give him? Fifty-three pounds. 6. There are three hundred and sixty-five days in the year. 7. There are thirty days in April, and thirty-one days in May. 8. They came on Wednesday, the fifteenth of March, and they will go away on Thursday, the second of June. 9. The seed is sown in Spring and the crop is cut in Autumn. 10. There are five carpenters and three masons working in that house. 11. How many musicians were playing in the hall tonight? 12. We saw thirteen there, and there were four others whom we could not see.

Exercise 56

1. An mór a thugais don fhear ar an gcapall san? Naoi bpunt déag is trí fichid. 2. An mó réal atá i bpunt? Daichead. 3. Beidh m'aintin ag teacht ar an dara lá déag de Lúnasa.

4. Is é an Domhnach so chúinn an chéad lá de Mheitheamh. 5. A seacht fé cheathair sin a hocht is fiche, dhá scilling agus tuistiún. 6. A cúig fichead agus a haondéag sin sédeag ar fhichid. 7. Is í an Aoine an séú lá den tseachtain. 8. Is é an seachtú lá déag de Mhárta Lá le Pádraig. 9. Chím beirt fhear agus triúr buachaillí (garsún) ag teacht trasna na páirce. 10. Tá cúigear sagart sa pharóiste. 11. Níl ach deich lá fichead (ar fhichid) san Aibreán, sa Mheitheamh agus i mí Mheán an Fhómhair. 12. Is é an Satharn an ceathrú lá de mhí na Samhna. 13. An mó iascaire a chonaicís thíos ag an gcé anocht? Mórshéisear.

Exercise 57

1. Give us two glasses of whiskey if you please. 2. Put on your overcoat and let us go home now. 3. Let him do as he likes, but let him not blame me! 4. Let them not lose the money! 5. Bring the children with you, and do not delay on the road! 6. Be in before ten o'clock! 7. Let them come home with you! 8. Break those sods and set a fire. 9. Do not light the lamp for a while, for it is not dark yet. 10. Go east to the shop and buy me a shilling's worth of sweets.

Exercise 58

1. Cuir litir chun Cormaic agus abair leis airgead a chur chúinn. 2. Téir go dtí oifig an phoist agus ceannaigh luach coróineach de stampaí. 3. Brostaigh ort, agus ná bí déanach ón suipéar! 4. Bíodh cluiche cártaí againn sara dtiocfaidh na stróinséirí. 5. Cuiridh amach na gadhair agus dúnaidh doirse na stáblaí, mar beidh sé dorcha gan mhoill. 6. Deinidís a ndícheall, agus ní bheidh aon mhilleán againn orthu. 7. Fiafraídís de Liam cár fhág sé na maidí rámha, agus raghaimíd go léir ag iascaireacht.

Exercise 59

1. That is the man we saw at the fair. 2. It was Bridget who broke the window. 3. He who solves the question first will get the prize. 4. Many a man has money and it does him no

good. 5. What district are you from? 6. From Corkaguiney 7. Did you see the woman that I was talking about? 8. The people who talk most are those who do the least work. 9. Go where you will be best able to earn your living. 10. I must speak to the man whose son is in hospital. 11. "What can't be cured must be endured". 12. The money I thought I had lost is here in my pocket. 13. The people who came earliest were the last to go away.

Exercise 60

1. Cé acu capall a cheannaís ar an aonach? 2. Buachail gurbh ainm dó Seán Ó Donnabháin dob é an scoláire ab fhearr sa rang é. 3. Cá bhfuil an chasóg a thugas ar iasacht do Mhícheál? 4. Na bróga a dúraís a bhí glanta agat, táid siad salach fós. 5. Is mó duine gurbh fhearr (go mb'fhearr) leis lionn ná fuiscí, agus tá daoine ná hólfadh i n-aon chor iad. 6. Tiocfaidh sé nuair is lú a bheidh coinne againn leis. 7. Sin é an fear gur cheannaíomair an tigh uaidh. 8. Cad is ainm dó? 9. Is dóigh liom gur Séamas Ó Súilleabháin is ainm dó. 10. Sin é an fear go bhfuil a mhac ina dhochtúir i gCorcaigh. 11. Cad é an ceantar gurb as dó? 12. Ó Thiobrad Árann. 13. Is é Diarmaid is fearr a dhein an obair, ach is é is lú a fuair creidiúint.

Exercise 61

1. James and I went to Dingle yesterday and we met William Murphy. 2. He is a nephew of Mary O'Donnell. 3. "How are you?" said he. "It is a long time since I saw you". 4. "Why", said I to him, "don't you come to visit us?" 5. "I rarely go to town because I find the journey long when I have no business there". 6. He began to ask me questions as though he did not know me at all. 7. Did you ever hear the like? He is a queer fellow. 8. He told me that new houses are being built (made) on Strand Road and that he thinks that he will get one of them. 9. I went away from him lest he should make me angry. 10. I only talked very little with him. 11. I came home on the bus and I was here at six o'clock. 12. I

almost fell getting down from the bus, but it happened that my brother was waiting for me and he was able to catch me.

Exercise 62

1. Bhíos féin agus Séamas Ó Murchadha i gCill Airne Déardaoin, agus casadh iníon dearthár do Shéamas orainn. 2. Níor aithníos ar dtúis í, agus níor aithin sise mise ach chomh beag; ach nuair a labhair sí le Séamas bhí a fhios agam cérbh í féin. 3. Is i gCorcaigh a chónaíonn sí anois, agus ní thagann sí go Cill Airne ach amháin chun laetheanta saoire a chaitheamh ann. 4. “Ní fhéadam teacht níos minicí,” adúirt sí, “mar is fada liom an turas agus is mór liom an costas.” 5. Do chaitheamair an lá i dteannta a chéile, agus um thráthnóna chuamair go dtí an stáisiún i n-éineacht léi. 6. “Go mbeire Dia slán abhaile thú,” arsa Séamas. 7. “Ná dearmhad teacht ar cuairt chúinn sara fada.” 8. “Mheasas gur labhair sí fé mar ná taitnfeadh an chathair léi,” arsa mise nuair a bhí sí imithe. 9. “B’fhéidir gur uaig-neas atá uirthi,” arsa Séamas. 10. “Tá áthas orm gur ar an dtuaithe atáim im chónaí.” 11. Ba dhóbair dúinn bheith déanach don bhus, ach tharla go raibh slua mór daoine ag feitheamh leis, agus chuir san moill air.

APPENDIX

Declension of Nouns

There are five declensions of nouns, and they are distinguished by the formation of the genitive singular. The first and second declensions are given in Lesson I.

THIRD DECLENSION. The gen. sg. is formed by adding *-a*.

Words ending in a consonant, broad or slender. If the final consonant is slender in the nom. sg., it becomes broad before the *-a* of the genitive (see p. 4), and the preceding vowel is subject to certain changes:

u(i) > o; fuil f. *blood*, g. fola; sruth m. *stream*, g. srotha; cuid f. *part*, g. coda.

i(o) > ea; crios m. *belt*, g. creasa; sioc m. *frost*, g. seaca; mil f. *honey*, g. meala.

The formation of the plural divides the declension into five classes:

I. The plural is formed by adding *-a*

cleas m. <i>trick</i>	g.sg. cleasa	pl. cleasa
gamhain m. <i>calf</i>	gamhna	gamhna

The gen. pl. in this class drops the *-a*, leaving a final broad consonant. In all the other classes, which form weak plurals,¹ the gen. pl. is the same as the nom. pl.

II. The plural is formed by adding *-(a)i*

- i agent-words in *-éir, -óir, -úir* (all m.)
- ii abstract nouns in *-acht* (mostly f.)
- iii a few other nouns

¹ The "weak" plural endings, common to many declensions, are *-í, -acha, -anna, -tha (-ta), -the (-te)*, and they remain in the genitive case.

siúnéir m. <i>carpenter</i>	g.sg.	siúnéara	pl.	siúinéirí
bádóir m. <i>boatman</i>		bádóra		bádóirí
táilliúir m. <i>tailor</i>		táilliúra		táilliúirí
dochtúir m. <i>doctor</i>		dochtúra		dochtúirí
saighdiúir m. <i>soldier</i>		saighdiúra		saighdiúirí
áilleacht f. <i>beauty</i>		áilleachta		áilleachtaí
beannacht f. <i>blessing</i>		beannachta		beannachtaí
iasacht f. <i>loan</i>		iasachta		iasachtaí
buachail m. <i>boy, lad</i>		buachalla		buachailí

III. The plural is formed by adding *-anna*

Monosyllables tend to form this plural

bláth m. <i>flower</i>	g.sg.	blátha	pl.	bláthanna
cath m. <i>battle</i>		catha		cathanna
dath m. <i>colour</i>		datha		dathanna
sruth m. <i>stream</i>		srotha		srothanna
tráigh f. <i>shore</i>		trágha, trá,		trághanna, tránna

IV. The plural is formed by adding *-acha*

Some nouns ending in *-ir*, and a few others, form this plural.

altóir f. <i>altar</i>	g.	altóra	pl.	altóracha
anam m. <i>soul</i>		anama		anamnacha
onóir f. <i>honour</i>		onóra		onóracha

V. The pl. is formed by adding *-ta*.

bliain f. <i>year</i>	g.	bliana	pl.	blianta
gleann m. <i>valley, glen</i>		gleanna		gleannta

FOURTH DECLENSION. The gen. sg. is the same as the nom.

Words ending in a vowel (except those which belong to the fifth declension), and diminutives in *-ín*. Agent-words in *-í*, *-aire*, abstract nouns in *-e* formed from adjectives (all fem.), and some loan-words belong to this declension.

The formation of the plural divides the declension into two classes:

I. The plural is formed by adding *-í*

Nouns ending in a short vowel, and diminutives in *-in*.

aiste f. <i>essay, article</i>	aistí
file m. <i>poet</i>	filí
iascaire m. <i>fisherman</i>	iascairí
mála m. <i>bag</i>	málaí
tiarna m. <i>lord</i>	tiarnaí
cailín m. <i>girl</i>	cailíní
sicín m. <i>chicken</i>	sicíní
ticéad m. <i>ticket</i>	ticéadaí

Exceptions. Some words ending in *-le* or *-ne* form the plural by adding *-te*, with syncope: *baile* m. “village”, *bailte*; *míle* m. “thousand, mile”, *mílte*; *léine* f. “shirt, chemise”, *léinte*; *líne* f. “line”, *línite*; *tine* f. “fire”, *tinte*.

Irregular plurals are: *duine* m. “person”, *daoine*; *oíche* f. “night” *oicheanta*; *teanga* f. “tongue”, *teangacha*.

II. The plural is formed by adding *-the*.

Nouns ending in *-í* or *-aoi*; *-í* is shortened before *-the*.

gréasaí m. <i>cobbler</i>	gréasaithe
gadaí m. <i>thief</i>	gadaithe
croí m. <i>heart</i>	croithe
dlí f. <i>law</i>	dlithe
ní m. <i>thing</i>	nithe
rí m. <i>king</i>	rithe
laoi f. <i>lay, ballad</i>	laoithe

FIFTH DECLENSION. The gen. sg. ends in a broad consonant [*-ach*, *-d* or *-n(n)*], and there is a separate form for the dative sg. This declension may be regarded as a collection of irregular nouns. They have, however, a common feature in the gen. sg. In the classes with strong plurals (I and II), the gen. pl. is the same as the gen. sg.

The formation of the plural divides the declension into three classes:

I. The plural is formed by making the broad consonant slender.

caora f. <i>sheep</i>	g. caorach	d. caoirigh	pl. caoirigh
comharsa f. <i>neighbour</i>	comharsan	comharsain	comharsain
cú f. <i>hound</i>	con	coin	coin
fiche m. <i>twenty, a score</i>	fichead	fichid	fichid
lacha f. <i>duck</i>	lachan	lachain	lachain

II. The plural is formed by adding *-e* to the gen. sg., with syncope.

abha f. <i>river</i>	g. abhann	abhainn	pl. aibhne
gabha m. <i>blacksmith</i>	gabhmán		gaibhne
cara m. & f. <i>friend</i>	carad	caraid	cairde

III. The plural is formed by adding *-acha*.

(i) Nouns ending in *-il*, *-in* or *-ir*, with gen. sg. in *-ach*

riail f. <i>rule</i>	rialach	rialacha
cáin f. <i>tax</i>	cánach	cánacha
cathair f. <i>city</i>	cathrach	cathracha
cathaoir f. <i>chair</i>	cathaoireach	cathaoireacha
láir f. <i>mare</i>	lárach	láiracha

(ii) Nouns of relationship

The words for “father”, “mother” and “brother” have a peculiar formation in the gen. sg.

athair m. <i>father</i>	g. athar	pl. aithreacha
máthair f. <i>mother</i>	máthar	máithreacha
deartháir m. <i>brother</i>	dearthár	deartháracha

The word for “sister” is irregular:

deirfiúr f. <i>sister</i>	g. deirféar	d. deirfír	pl. deirféaracha
------------------------------	-------------	------------	------------------

Note also:

teanga f. <i>tongue</i>	g. teangan	d. teangain	pl. teangacha
-------------------------	------------	-------------	---------------

First Conjugation of Stems ending in a long Vowel.

The stem ends historically in *gh* which has disappeared between vowels but remains in the two forms in which the bare stem appears, namely the 2 sg. imperative and the 3 sg. past. Where the vowel preceding the original *gh* was short, it remains short in these forms, and before *t*.

crúim (crúigh) "I milk"

	Present	Imperfect	Past
Sg. 1	crúim	do chrúinn	do chrús
2	{ crúir	do chrúitheá	do chrúis
	{ crúinn tú		
3	crún sé	do chrúdh sé	do chrúigh sé
Pl. 1	crúimíd	do chrúimis	do chrúmair
2	crúinn sibh	do chrúdh sibh	do chrúigh sibh
3	crúid	do chrúidís	do chrúdar
	Future	Conditional	
Sg. 1	crúfad	do chrúfainn	
2	crúfair	do chrúfá	
3	crúfaidh sé	do chrúfadh sé	
Pl. 1	crúfaimíd	do chrúfaimís	
2	crúfaidh sibh	do chrúfadh sibh	
3	crúfaid	do chrúfaidís	
Pass.-Impers.			
	Present	Imperfect	Past
	crúitear	do crúití	do crúdh
	Future	Conditional	
	crúfar	do crúfaí	
		Present	Past
	Imperative	Subjunctive	Subjunctive
Sg. 1	crúim	crúd	crúinn
2	crúigh	crúir	crúitheá
3	crúdh sé	crú sé	crúdh sé

Pl. 1	crúimís	crúimíd	crúimís
2	crúidh	crú sibh	crúdh sibh
3	crúidís	crúid, crú siad	crúdís
Pass.-Impers.	crúitear	crúitear	crúití
		Participle	Verbal Noun
		crúite	crú

fím (figh) “I weave”

	Present	Imperfect	Past
Sg. 1	fím	d’fhínn	d’fhíos
2	{ fír fionn tú	d’fhítheá	d’fhís
3	fionn sé	d’fhíodh sé	d’fhigh sé
Pl. 1	fímíd	d’fhímís	d’fhíomair
2	fionn sibh	d’fhíodh sibh	d’fhíobhair (d’fhigh sibh)
3	fíd	d’fhídís	d’fhíodar
	Future	Conditional	
Sg. 1	fífead	d’fhífinn	
2	fífir	d’fhífeá	
3	fífidh sé	d’fhífeadh sé	
Pl. 1	fífimíd	d’fhífimís	
2	fífidh sibh	d’fhífeadh sibh	
3	fífid	d’fhífidís	
Pass.-Impers.	Present	Imperfect	Past
	fítear	do fítí	do fíodh
	Future	Conditional	
	fífear	do fífí	

Imperative		Subjunctive	
		Present	Past
Sg.	1 fíim	fíod	fíinn
	2 fíigh	fíir	fítheá
	3 fíodh sé	fí sé	fíodh sé
Pl.	1 fíimís	fíimíd	fíimís
	2 fíidh	fí sibh	fíodh sibh
	3 fídís	fíd	fídís
Pass.-Impers.	fítear	fítear	fítí
	Participle	Verbal Noun	
	fite	fí	

Second Conjugation

(a) diúltaím (diúltaigh) “I refuse”

		Indicative		
		Present	Imperfect	Past
Sg.	1 diúltaím	do dhiúltaínn	dhiúltaíos	
	2 diúltair	do dhiúltaítheá	dhiúltaís	
	3 diúltaíonn sé	do dhiúltaíodh sé	do dhiúltaigh sé	
Pl.	1 diúltaímíd	do dhiúltaímís	do dhiúltaíomair	
	2 diúltaíonn sibh	do dhiúltaíodh sibh	do dhiúltaíobhair	
	3 diúltaíd	do dhiúltaídís	do dhiúltaíodar	
Pass.-Impers.	diúltaítear	do diúltaítí	do diúltaíodh	
		Conditional		
Sg.	1 diúltód	do dhiúltóinn		
	2 diúltóir	do dhiúltófá		
	3 diúltóidh sé	do dhiúltódh sé		

Pl. 1	diúltóimid	do dhiúltóimis	
2	diúltóidh sibh	do dhiúltóidh sibh	
3	diúltóid	do dhiúltóidís	
Pass.-Impers.	diúltófar	do diúltófaí	
	Imperative	Subjunctive	
		Present	Past
Sg. 1	diúltaím	diúltaíod	diúltaínn
2	diúltaigh	diúltaír	diúltaítheá
3	diúltaíodh sé	diúltaí sé	diúltaíodh sé
Pl. 1	diúltaímís	diúltaímíd	diúltaímís
2	diúltaídh	diúltaí sibh	diúltaíodh sibh
3	diúltaídís	diúltaíd	diúltaídís
Pass.-Impers.	diúltaítear	diúltaítear	diúltaítí
	Participle	Verbal Noun	
	diúltaíthe	diúltú	

(b) osclaim (oscail) “I open”

	Present	Indicative Imperfect	Past
Sg. 1	osclaím	d’osclaínn	d’osclaíos
2	osclaír	d’osclaítheá	d’osclaís
3	osclaíonn sé	d’osclaíodh sé	d’oscail sé
Pl. 1	osclaímíd	d’osclaímís	d’osclaíomair
2	osclaíonn sibh	d’osclaíodh sibh	d’osclaíobhair
3	osclaíd	d’osclaídís	d’osclaíodar
Pass.-Impers.	osclaítear	do hosclaítí (d’osclaítí)	do hosclaíodh (d’osclaíodh)

Future		Conditional	
Sg. 1	osclód	d'osclóinn	
2	osclóir	d'osclófá	
3	osclóidh sé	d'osclódh sé	
Pl. 1	osclóimíd	d'osclómís	
2	osclóidh sibh	d'osclódh sibh	
3	osclóid	d'osclóidís	
Pass.-Impers.	osclófar	do hosclófaí (d'osclófaí)	
Imperative		Subjunctive	
		Present	Past
Sg. 1	osclaím	osclaíod	osclaínn
2	oscail	oscláir	oscláitheá
3	osclaíodh sé	oscláí sé	osclaíodh sé
Pl. 1	osclaímís	osclaímíd	osclaímís
2	oscláidh	oscláí sibh	oscláíodh sibh
3	oscláidís	oscláid	oscláidís
Pass.-Impers.	oscláítear	oscláítear	oscláítí
	Participle	Verbal Noun	
	oscailte	oscailt	

Irregular Verbs

1 beirim "I bear"			
Indicative			
	Present	Imperfect	Past
Sg. 1	beirim	do bheirinn	do rugas
2	beirir	do bheirtheá	do rugais
3	beireann sé	do bheireadh sé	do rug sé
	etc.	etc.	etc.
Pass.-Impers.	beirtear	do beirtí	do rugadh

	Future	Conditional	
Sg. 1	béarfad	do bhéarfainn	
2	béarfair	do bhéarfá	
3	béarfaidh sé etc.	do bhéarfadh sé etc.	
Pass.-Impers.	béarfar	do béarfaí	
	Imperative	Subjunctive	
		Present	Past
Sg. 1	beirim	beiread	beirinn
2	beir	beirir	beirtheá
3	beireadh sé	beire sé	beireadh sé
Pl. 1	beirimís	beirimid	beirimís
2	beiridh	beire sibh	beueadh sibh
3	beiridís	beirid	beiridís
Pass.-Impers.	beirtear	beirtear	beirtí
	Participle beirthe	Verbal Noun breith	

2 bheirim “I bring”, “I give” Indicative

Absolute

	Present	Imperfect	Past
Sg. 1	bheirim	do bheirinn	do thugas
2	bheirir	do bheirtheá	do thugais
3	bheireann sé etc.	do bheireadh sé etc.	do thug sé etc.
Pass.-Impers.	bheirtear	do bheirtí	do tugadh

Dependent

Sg. 1	tugaim	tugainn	tugas
2	tugair	tugthá	tugais
3	tugann sé	tugadh sé	tug sé
	etc.	etc.	etc.

Pass.-Impers.
tugtar

tugtaí

tugadh

Future

Conditional

Absolute

Sg. 1	bhéarfad	do bhéarfainn
2	bhéarfair	do bhéarfá
3	bhéarfaidh sé	do bhéarfadh sé
	etc.	etc.

Pass.-Impers.
bhéarfar

do bhéarfaí

Dependent

tabharfad

tabharfainn

Pass.-Impers.
tabharfar

tabharfaí

Imperative

Subjunctive

Present

Past

Sg. 1	tugaim	tugad	tugainn
2	tabhair	tugair	tugthá
3	tugadh sé	tuga sé	tugadh sé
Pl. 1	tugaimis	tugaimíd	tugaimís
2	tugaidh	tuga sibh	tugadh sibh
3	tugaidís	tugaid	tugaidís

Pass.-Impers.
tugtar

tugtar

tugtaí

Participle
{ tabhartha
 tugtha

Verbal Noun
 tabhairt

3 chim “I see”

	Present	Imperfect	Past
Indicative			
Absolute			
Sg. 1	chím	do chinn	do chonac
2	chíonn tú	do chíteá	do chonaicís
3	chíonn sé	do chíodh sé	do chonaic sé
	etc.	etc.	etc.
Pass.-Impers.	chítear	do chítí	do chonaictheas
Dependent			
	feicim	feicinn	faca
Pass.-Impers.	feictear	feictí	facthas
Future			
Conditional			
Absolute			
Sg. 1	chífead	do chífinn	
2	chífir	do chífeá	
3	chífidh sé	do chífeadh sé	
	etc.	etc.	
Pass.-Impers.	chífear	do chífí	
Dependent			
	feicfead	feicfinn	
Pass.-Impers.	feicfear	feicfí	
Imperative			
Subjunctive			
		Present	Past
Sg. 1	feicim	feicead	feicinn
2	feic	feicir	feictheá
3	feiceadh sé	feice sé	feiceadh sé
Pl. 1	feicimís	feicimid	feicimís
2	feicidh	feice sibh	feiceadh sibh
3	feicidís	feicid	feicidís

Pass.-Impers.	feictear	feictear	feictí
	Participle feicthe	Verbal Noun feiscint	
	4	cloisim "I hear"	
		Indicative	
	Present	Imperfect	Past
Sg. 1	cloisim	do chloisinn	do chuala
2	{ cloisir cloiseann tú	do chloistheá	do chualaís
3	cloiseann sé etc.	do chloiseadh sé etc.	do chuala sé etc.
Pass.-Impers.	cloistear	do cloistí	do chualathas
	Future	Conditional	
Sg. 1	cloisfead	do chloisfinn	
2	cloisfir	do chloisfeá	
3	cloisfidh sé etc.	do chloisfeadh sé etc.	
Pass.-Impers.	cloisfear	do cloisfí	
	Imperative	Subjunctive	
		Present	Past
Sg. 1	cloisim	cloisead	cloisinn
2	clois	cloisir	cloistheá
3	cloiseadh sé	cloise sé	cloiseadh sé
Pl. 1	cloisimís	cloisimid	cloisimís
2	cloisidh	cloise sibh	cloiseadh sibh
3	cloisidis	{ cloisid cloise siad	cloisidis
Pass.-Impers.	cloistear	cloistear	cloistí
	Participle cloiste	Verbal Noun cloisint, clos	

5 deirim "I do"

Indicative

	Present	Imperfect	Past
Sg. 1	deirim	do dheininn	do dheineas
2	{ deirin deineann tú	do dheintheá	do dheinis
3	deineann sé etc.	do dheineadh sé etc.	do dhein sé etc.

Pass.-Impers.

deintear

do deintí

do deineadh

Future

Conditional

Sg. 1	déanfadh	do dhéanfainn
2	déanfaid	do dhéanfá
3	déanfaidh sé etc.	do dhéanfadh sé etc.

Pass.-Impers.

déanfar

do déanfaí

Imperative

Subjunctive

	Present	Past
Sg. 1	deirim	deininn
2	dein	deintheá
3	deineadh sé	deineadh sé
Pl. 1	deirimís	deirimís
2	deinidh	deineadh sibh
3	deinidís	{ deimid deine siad deinidís

Pass.-Impers.

deintear

deintear

deintí

Participle

déanta

Verbal Noun

déanamh

6 deirim "I say"

Indicative

	Present	Imperfect	Past
Sg. 1	deirim	deirinn	duart

2	{ deirir, deir tú deireann tú	deirtheá	dúrais
3	{ deir sé deireann sé etc.	deireadh sé etc.	dúirt sé etc.
Pass.-Impers.			
	deirtear	deirtí	{ dúradh dúrathas
Dependent ¹			
Sg. 1	abraim	abrainn	As above
2	abrann tú	abarthá	
3	abrann sé	abradh sé	
	etc.	etc.	
Pass.-Impers.			
	abartar	abartaí	
	Future	Conditional	
Sg. 1	déarfad	déarfainn	
2	déarfair	déarfá	
3	déarfaidh sé	déarfadh sé	
	etc.	etc.	
Pass.-Impers.			
	déarfar	déarfaí	
Dependent			
Sg. 1	abród	abróinn	
2	abróir	abrófá	
3	abróidh sé	abródh sé	
	etc.	etc.	
Pass.-Impers.			
	abrófar	abrófaí	
	Imperative	Subjunctive	
		Present	Past
Sg. 1	abraim	abrad	abrainn

¹ The dependent forms are given here to complete the paradigm, but the absolute forms of this verb are commonly used for dependent in West Munster.

	2 abair	abrair	abarthá
	3 abradh sé	abra sé	abradh sé
Pl. 1	abraimís	abraimíd	abraimís
	2 abraidh	abra sibh	abradh sibh
	3 abraidís	abraid	abraidís

Pass.-Impers.
abartar

abartar

abartaí

Participle
ráite

Verbal Noun
rá

7 gheibhim “I get”

Indicative

Present

Imperfect

Past

Sg. 1	gheibhim	do gheibhinn	do fuaireas
	2 gheibheann tú	do gheibhtheá	do fuairis
	3 gheibheann sé	do gheibheadh sé	do fuair sé
	etc.	etc.	etc.

Pass.-Impers.

gheibhtear

gheibhtí

fuarthas

Dependent

Sg. 1	faighim	faighinn	fuaireas
	2 faighir	faightheá	fuairis
	3 faigheann sé	faigheadh sé	fuair sé
	etc.	etc.	etc.

Pass.-Impers.

faightear

faightí

fuarthas

Future

Conditional

Sg. 1	gheobhad	do gheobhainn
	2 gheobhair	do gheofá
	3 gheobhaidh sé	do gheobhadh sé
	etc.	etc.

Pass.-Impers.

gheofar

do gheofaí

Imperative		Subjunctive	
		Present	Past
Sg. 1	faighim	faighead	faighinn
2	faigh	faighir	faightheá
3	faigheadh sé	faighe sé	faigheadh sé
Pl. 1	faighimís	faighimid	faighimís
2	faighidh	faighe sibh	faigheadh sibh
3	faighidís	{ faighid faighe siad	faighidís
Pass.-Impers.			
	faightear	faightear	faightí
Participle		Verbal Noun	
fachta (faighte)		fáil	

8 ithim “I eat”

Indicative

Present		Imperfect	Past
Sg. 1	ithim	d'ithinn	d'itheas
2	itheann tú	d'itheá	d'ithis
3	itheann sé	d'itheadh sé	d'ith sé
	etc.	etc.	etc.
Pass.-Impers.			
	itear	do hití	do hitheadh
Future		Conditional	
Sg. 1	íosfad	d'íosfainn	
2	íosfair	d'íosfá	
3	íosfaidh sé	d'íosfadh sé	
	etc.	etc.	
Pass.-Impers.			
	íosfar	do híosfaí	

Imperative

Subjunctive

		Present	Past
Sg. 1	ithim	ithead	ithinn

	2 ith	ithir	itheá
	3 itheadh sé	ithe sé	itheadh sé
Pl. 1	ithimís	ithimíd	ithimís
	2 ithidh	ithe sibh	itheadh sibh
	3 ithidís	ithid	ithidís
Pass.-Impers.			
	itear	itear	ití
	Participle	Verbal Noun	
	ite	ithe	

9 tagaim "I come"

Indicative

	Present	Imperfect	Past
Sg. 1	tagaim	do thagainn	do thánag
	2 tagann tú	do thagthá	do thánaís
	3 tagann sé	do thagadh sé	do tháinig sé
	etc.	etc.	etc.

Pass.-Impers.

	tagtar	do tagtaí	do thánathas
--	--------	-----------	--------------

Future

Conditional

Sg. 1	tiocfad	do thiocfainn
	2 tiocfair	do thiocfá
	3 tiocfaidh sé	do thiocfadh sé
	etc.	etc.

Pass.-Impers.

	toicfar	do tiocfaí
--	---------	------------

Imperative

Subjunctive

		Present	Past
Sg. 1	tagaim	tagad	tagainn
	2 tair	tagair	tagthá
	3 tagadh sé	taga sé	tagadh sé
Pl. 1	tagaimís	tagaimíd	tagaimís
	2 tagaidh	taga sibh	tagadh sibh
	3 tagaidís	tagaid	tagaidís

Pass.-Impers.

tagtar

tagtar

tagtaí

Participle

tagtha

Verbal Noun

teacht

10 téim "I go"

Indicative

Present

Sg. 1 téim
 2 téann tú
 3 téann sé
 etc.

Imperfect

do théinn
 do théitheá
 do théadh sé
 etc.

Past

do chuas
 do chuais
 do chuaigh sé
 etc.

Pass.-Impers.

téitear

do téití

do chuathas

Future

Sg. 1 raghaid
 2 raghair
 3 raghaidh sé
 etc.

Conditional

do raghainn
 do raghfá
 do raghadh sé
 etc.

Pass.-Impers.

raghfar
Imperativedo raghfaí
Subjunctive

Present

Sg. 1 téim
 2 téir
 3 téadh sé
 Pl. 1 téimís
 2 téigidh
 3 téidís

téad
 téir (té tú)
 té sé
 téimíd
 té sibh
 téid

Past

téinn
 téitheá
 téadh sé
 téimís
 téadh sibh
 téidís

Pass.-Impers.

téitear

téitear

téití

Participle
dultaVerbal Noun
dul

VOCABULARY

1. a [ə] (asp.) vocative particle
2. a [ə] (asp.) rel. particle *who, which, that*
3. a [ə] (ecl.) rel. particle *all that*
4. a [ə] possessive pron. *his* (asp.), *her, their* (ecl.)
5. a [a] prep. *out of* (before consonants), *see as*

abair [abir'] imper. of deirim *I say*

abha [au] f. g.-nn, pl. aibhne [əi'ŋ'i:] *river*

abhaile [ə'val'i] *home, homewards*

abhar [aur] m. g.-air, pl. id. *reason, material*; abhar sagairt *a clerical student*

abhus [ə'vus] adv. *on this side*

acu [ə'ku] see ag

ach [ax] *but*

acra [akərə] m. g. id., pl.-í *an acre*

ád[h] [a:] m. g. áid[h] *luck*

adhmad [əiməd] m. g.-aid *wood*

admháil [adəlvɑ:l'] vn. of admhaím *I admit*

adhmhaím [adə'vi:m'] *I admit*

aduaidh [ə'duəg'] *from the north*

aer [e:r] m. g. aeir *air*

áfach [a:fəx] *however*

ag [ig'] *at*: with affixed pron. agam [ə'gum], agat [ə'gut],
aige [i'g'e], aici [i'k'i], againn [ə'gun], agaibh [ə'gub],
acu [ə'ku]

aghaidh [ə'g'], f. *face, front*; ar aghaidh *in front of, facing, ahead*; i n-aghaidh *against*

agus [agəs] *and*

aibidh [ab'ig'] *ripe*

Aibreán [abə'ra:n] m. g.-áin *April*

Aifreann [af'ir'ən] m. g.-rinn, pl.-aí *Mass*

aice [ak'i]: i n-aice [i'nak'i] *near*

- áil [ɑ:lʲ]: is áil liom *I wish*
 áille [ɑ:lʲi] see álainn
 aimhleas [ail'əs] m. g.-a *disadvantage, mischief*
 aimsir [aimʃirʲ] f. g.-e *weather*
 aingeal [aŋ'əɫ] m. g.-gil pl. id. *angel*
 ainm [an'imʲ] f. g.-e, pl.-neacha *name; cad is ainm duit?*
 what is your name?
 ainneoin [i'ŋ'o:nʲ]: d'ainneoin [di'ŋ'o:nʲ] *in spite of*
 áintín [ɑ:n't'i:nʲ] m. g. id. *aunt*
 air [erʲ], see ar
 airde [ɑ:rd'i]: i n-airde up, *above*
 aire [ar'i] f. g. id. *attention, heed, care*
 áireamh [ɑ:r'əv] vn. g.-rimh of áirim *I count, reckon*
 airgead [ar'ig'əd] m. g.-gid *silver, money*
 airím [a'r'i:mʲ] *I hear*
 áirím [ɑ:r'i:mʲ] *I count, reckon*
 áirithe [ɑ:r'ihʲ] *special; ach go háirithe at any rate; duine*
 áirithe a certain person
 ais [ɑʃ]: thar n-ais *back; lena ais beside him*
 áis [ɑ:ʃ] f., g.-e, pl.-eanna *convenience, benefit*
 aisce [ɑʃg'i]: i n-aisce *free, gratis*
 ait [atʲ] *queer, strange*
 áit [ɑ:tʲ] f. g.-e, pl.-eanna *place*
 1. aithne [əhin'i] f. g. id. *acquaintance*
 2. aithne f. g. id, pl. aitheanta *commandment*
 aithním [an'hi:mʲ] *I recognise*
 álainn [ɑ:liŋʲ] *beautiful; compar.-superl. áille [ɑ:lʲi]*
 Alba [aləbə] f. g.-n *Scotland*
 am [aum] m. g.-a, pl.-anta *time; amanta sometimes*
 amach [əmax] *out*
 amadán [əmə'dɑ:n] m. g.-áin, pl. id. *a fool*
 amháin [ə'vɑ:nʲ] *only, one: aon fhear amháin one man;*
 ach amháin except; ní hamháin not only
 amhlaidh [auligʲ] *thus, so, how*
 amáireach [a'mɑ:r'əx] *tomorrow*
 amanathar [ə'manərhər] *the day after tomorrow*
 amhrán [avə'ra:n] m. g.-áin, pl. id. *song*

amhras [ãurəs] m. g.-ais *doubt*

amú [ə'mu:] *astray*

amuigh [ə'mu] *outside*

1. an [un] the article, gsf. na; pl. na [nə]

2. an (ecl.) interrog. particle

ana- [anə] intensive prefix *very*

anall [ə'nau] *hither*

anam [anəm] m. g.-a, pl.-nacha *soul*

aneas [i'n'as] adv. *from the south*

aniar [i'n'iər] *from the west*

aníos [i'n'i:s] *up from below*

ann [aun] *in him, in it; there*

anocht [ə'nuxt] *tonight*

annamh [anəv] *seldom*

anoir [a'nir'] *from the east*

anois [i'n'is] *now; anois beag just now*

anonn [ə'nu:n] *over* (from the speaker); *anonn is anall to and fro*

ansan [ən'son] *there, then*

anso [ən'so] *here*

anuraidh [ə'nir'ig'] *last year*

anuas [ə'nuəs] *down from above*

Aoine [i:n'i] f.g. id., pl.-nte *Friday*

aoirde [i:rd'i] f. g. id. *height*

aon [e:n] (asp.) *one, any; aon ní [e:'n'i:] anything*

aonach [e:nəx] m. g.-aigh, pl. aontaí *fair*

aonar [e:nər] m. g.-air *solitude, singleness; duine aonair a solitary person*

aos [e:s] m. g. aois; aois [i:f] f. *age*

aosta [e:sdə] *old*

1. ar [er'] (asp.) *upon, on; with affixed pron. orm [orəm], ort [ort], air [er'], uirthi [ir'hi], orainn [orin'], oraibh [oriv'], orthu [orhə]*

2. ar [ər] (an + ro) interrog. particle before a verb in the past tense

3. ar, arsa [er', ersə] *said*

ár [a:r] (ecl.) *our*

- arán [ə'ra:n] m. g.-áin *bread*
 arbhar [a'ru:r] m. g.-air *corn*
 ard [a:rd] *high*
 ardán [a:r'da:n] m. g.-áin, pl. id. *high ground*
 aréir [ə're:r'] *last night*
 arís [i'r'i:f] *again*
 arú [a'ru:]: arú inné (amáireach) *the day before yesterday*
 (*after tomorrow*)
 as [as] prep. *out of*; with suffixed pron. asam [asəm], asat
 [asət], as [as], aisti [aʃd'i], asainn [asiŋ'] asaibh [asiv'],
 astu [asdə]
 asal [asəl] m. g.-ail, pl. id. *donkey*
 athair [ahir'] m. g.-ar, pl. aithreacha *father*
 áthas [a:həs] m. g.-ais *joy*
 athraím [ahə'ri:m'] *I change*
 athrú [ahə'ru:] vn. of athraím *I change*
 atúrnae [a'tu:rne:] m. g. id., pl. -tha *attorney*
1. ba [ba] nom-acc. pl. of bó *cow*
 2. ba [bə] pret. and condit. of is (copula)
 bacach [bə'kaχ] *lame*
 bacaim [bakim']: ná bac é! *don't heed him!* ná bac leis! *have*
nothing to do with him (it)! leave him (it) alone!
 bád [ba:d] m. g. báid, pl. id. *boat*
 bádóir [ba:'do:r'] m. g.-óra, pl.-í *boatman*
 bagún [ba'gu:n] m. g.-úin *bacon*
 bail [bal'] f. *prosperity*
 baile [bal'i] m. g. id., pl.-lte *townland, home*; baile mór
 [bal'i'muər] *town*
 Baile Átha Cliath [bl'a:'kl'iəh] *Dublin*
 bailím [ba'l'i:m'] *I gather, collect*
 bainim [bin'im'] *I cut (turf or hay)*: bainim as *I get from*;
 bainim de *I take away from*
 bainne [ban'i] m. g. id. *milk*
 baint [baint'] vn. of bainim
 baintreach [baintr'əχ] f., g.-trí, pl. -a *widow*
 bairille [baril'i] m. g. id., pl. -llí *barrel*

- báisteach [ba:ʃd'əx] f. g. báistí *rain*
 bán [ba:n] *white*
 banbh [banəv] m. g. bainbh, pl. banaí *pigling*
 banc [baun̩k] m. g. bainc, pl. id. a *bank*
 baol [be:l] m. g. baoil *danger*
 barr, barra [ba:r, barə] m. g. barra, pl. barraí *summit, crop*;
 de bharr *as a result of*
 bás [ba:s] m. g. báis *death*; fuair sé bás *he died*
 bata [batə] m. g. id., pl. -í *stick*
 bead [b'ed] fut. sg. 1 of táim
 beag [b'og] *small*; cá beag duit? *is it not enough for you?*;
 ach chomh beag *either* (after negative)
 beagán [b'ə'gɑ:n] g.-áin *a small amount*; fíor-bheagán *very little*
 beagnach [b'og'na:x] *almost*
 béal [b'ial] m. g. béil, pl. id. *mouth*
 Bealtaine [b'aulhin'i] f. g. id. *May*
 bean [b'an] f. g. mná, pl. id. *woman, wife*
 beannacht [b'ə'naxt] f. g. -a, pl. -aí *blessing*
 Béarla [b'iarlə] m. g. id. *the English language*
 bearradh [b'arə] vn. of bearraim
 bearraim [b'arim'] *I clip, shave*
 beatha [b'ahə] f. g. id. *life, livelihood, food*
 béile [b'e:l'i] f. g. id., pl. -lí *a meal*
 beirim [b'er'im'] *I bear, take*: beirim ar *I take hold of*
 beirim [b'e'r'i:m'] *I boil*
 beiriú [b'e'r'u:] vn. of beirim *I boil*
 beirt [b'ert'] f. g. -e, pl. -eanna *two persons*
 beithíoch [b'e'hi:x] m. g. -ígh, pl. id. *beast*
 beo [b'o:] *alive*
 bheirim [v'er'im'] *I give, bring*, see p. 121
 bheith [v'e] vn. of tá
 bia [b'ia] m. g. bídh, pl. -nna *food*
 bím [b'i:m'] habit. pres. sg. 1 of tá
 binn [b'i:n̩] *sweet* (of music)
 blas [blas] m. *taste*
 bláth [bla:h] m. -a, pl. -anna *flower*
 bláthach [bla:həx] f. g. -thaí *buttermilk*

- bliain [bl'ien'] f. g. bliana, pl. blianta (bliana with numerals)
year; i mbliana [i'ml'ienə] *this year*
- bó [bo:] f. g. id., pl. ba *cow*
- bocht [boxt] *poor*
- bog [bog] *soft*
- bonn [boun] m. g. boinn, pl. id., *a coin*
- boladh [balihí] m. g. id. *smell*
- bord [bo:rd] m. g. boird [bu:rd'], pl. id. *table*
- bosca [bosgə] m. g. id., pl. -í *box*
- bóthar [bo:hər] m. g. -air, pl. bóithre *road*
- brách [brax]: go brách *for ever*
- bradán [brə'da:n] m. g. -áin, pl. id. *salmon*
- braon [bre:n] m. g. braoin, pl. braonacha *a drop*
- brath [brəh] m. g. braith *expectation*; ag brath air *expecting*,
trusting
- breá. [br'a:] *fine*
- breac [br'ak] m. g. bric, pl. id. *trout*
- bréag [br'iaɣ] f. g. bréige, pl. -a *a lie, untruth*
- breith [br'eh] vn. of beirim *I bear*
- breoite [br'o:t'i] *sick*
- bríc [br'i:k'] m. g. id., pl. -í *brick*; bríc aráin *a loaf of bread*
- brisim [br'isim'] *I break*
- bróg [bro:g] f. g. bróige, pl. -a *shoe*
- brón [bro:n] m. g. bróin *grief*
- brónach [bro:nəx] *sad, sorrowful*
- brostaigh [bro:stiaɣ] *hurry!*
- brothallach [bro:hələx] *warm* (of weather)
- buachail [buəxil'] m. g. -alla, pl. -i *boy*
- buaile [buəl'i] f. g. id. *paddock, milking-place*
- buailim [buəl'im'] *I strike*; do bhuail sé umam *I met him*
- buainim [buən'im'] *I reap*
- buaint [buənt'] vn. of buainim
- bualadh [buələ] vn. of buailim
- buartha [buərhə] *worried, troubled*
- buan [buən] *lasting, durable*
- buí [bi:] *yellow*
- buicéad [bə'ke:d] m. g. -éid, pl. -aí *bucket*

buidéal [bi'd'e:l] m. g. -éil, pl. id. *bottle*

buíochas [be:xəs] m. g. -ais *thanks*

buíon [bi:n] f. g. buíne, pl. -ta *class*

bullán [bə'lɑ:n] m. g. -áin, pl. id. *bullock*

bus [bos] m. g. id., pl. -anna *bus*

cá [ka:] *where?* (before a past tense *cár*)

cad [kad] *what?*; cad tá ort? *what is wrong with you?*

cailín [ka'l'i:n'] m., g. id. pl. -í *girl*

caillim [kal'im'] *I lose*

cailliúint [ka'l'u:nt'] vn. of caillim

caint [kaint'] f. g. -e, pl. -eanna *talk, conversation*; ag caint
[ə kaint'] *talking*

Cáisc [ka:ʃk'] f. g. Cásca *Easter*; fé Cháisc *by Easter*; um
Cháisc *at Easter*

caitheamh [kahəv] vn. of caithim *I spend*

caithim [kahim'] *I spend, throw, wear, use*; fut. caithfead
[kahəd] *I must*

cam [kaum] *crooked*

canad [kanəd] *where*

caoi [ke:] f. g. id. *way, opportunity*

caoireoil [ki:r'o:l'] f. g. -eola *mutton*

caol [ke:l] *narrow*

caora [ki:rə] f. g. caorach [ke:r'əx], pl. caoirigh [ki:r'i] *sheep*

capall [kapəl] m. g. -aill, pl. id. *horse*

captaen [kap'te:n'] m. g. -aein, pl. -aeiní *captain*

cara [karə] m. and f. g. -d, pl. cairde *friend*

cárta [ka:rtə] m. g. id., pl. -í *card*

casadh [kasə] vn. of casaim

casaim [kasim'] *I turn*

casóg [kə'so:g] f. g. -óige, pl. -a *coat*

casúr [ka'su:r] m. g. -a, pl. -acha *hammer*

cat [kat] m. g. cait, pl. id. *cat*

cathain? [kə'hin'] *when?*

cathair [kahir'] f. g. cathrach, pl. cathracha *city*

